Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0212(COD)

15.7.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an euro digiteach a bhunú
(COM(2023)0369 – C9-0219/2023 – 2023/0212(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Emil Radev

PA_Legam

LEASÚ

Cuireann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6 a) Chun béim a leagan ar an ngá atá le coinneáil leis an bhféidearthacht airgead tirim a úsáid sa tsochaí, ba cheart don euro digiteach, i gcás idirbhearta ar líne agus as líne araon, airgead fisiciúil a chomhlánú i gcónaí agus gan teacht ina ionad. Ba cheart go mbeadh sé de cheart i gcónaí ag saoránaigh agus gnólachtaí cineál amháin nó cineál eile den dlíthairiscint nó meascán díobh a úsáid.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart do na Ballstáit***, dá n-údaráis ábhartha agus dá soláthraithe seirbhísí íocaíochta*** bearta faisnéise agus oideachais a úsáid chun an leibhéal feasachta agus eolais is gá maidir leis na gnéithe éagsúla den euro digiteach a ***áirithiú***.	(13) Ba cheart do na Ballstáit ***a bhfuil an euro mar airgeadra acu*** bearta faisnéise agus oideachais a úsáid chun an leibhéal feasachta agus eolais is gá ***a áirithiú*** maidir leis na gnéithe éagsúla den euro digiteach***, lena n-áirítear na tairbhí*** a ***bhaineann lena úsáid mar aon leis na saintréithe a ghabhann leis i dtaobh cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus a fheidhmiú. Féadfaidh freisin na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu faisnéis agus bearta oideachais den sórt sin a sholáthar dá saoránaigh, i gcomhar leis an mBanc Ceannais Eorpach i gcás inarb ábhartha.***

Ba cheart na bearta faisnéise agus oideachais sin a bheith ar fáil saor in aisce.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ós rud é go n-éilíonn an euro digiteach an cumas modhanna íocaíochta digiteacha a ghlacadh, d'fhéadfadh sé a bheith díréireach oibleagáid a fhorchur ar gach íocaí glacadh le híocaíochtaí in euro digiteach. Chuige sin, ba cheart eisceachtaí ón nglacadh sainordaitheach le haghaidh íocaíochtaí in euro digiteach a chur ar fáil do dhaoine nádúrtha ag gníomhú dóibh le linn gníomhaíocht phearsanta nó gníomhaíocht tís amháin. Ba cheart eisceachtaí ar ghlacadh éigeantach a chur ar fáil freisin do mhicrifhiontair, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa limistéar euro chun cruthú post fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt, a bhfuil ról ríthábhachtach acu i múnlú an gheilleagair. Ba cheart do bheartais agus gníomhaíochtaí an Aontais na hualaí rialála atá ar fhiontair den mhéid sin a laghdú. Ba cheart eisceachtaí ar glacadh sainordaitheach a chur ar fáil freisin d'eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúis a chuireann leas an phobail chun cinn agus a fhónann do leas an phobail maidir le spriocanna éagsúla a bhaineann le leas na sochaí, lena n-áirítear cothromas, oideachas, sláinte, cosaint an chomhshaoil agus cearta an duine. Maidir le micrifhiontair agus eintiteas dhlítheanacha neamhbhrabúsacha, bheadh fáil an bhonneagair is gá agus na costais ghlactha díréireach. Dá bhrí sin, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid glacadh le híocaíochtaí in euro digiteach. I gcásanna den sórt sin, ba cheart fáil fós a bheith ann ar mhodhanna eile chun fiachais airgeadaíochta a shocrú. Mar sin féin, ba	(18) Ós rud é go n-éilíonn an euro digiteach an cumas modhanna íocaíochta digiteacha a ghlacadh, d'fhéadfadh sé a bheith díréireach oibleagáid a fhorchur ar gach íocaí glacadh le híocaíochtaí in euro digiteach. Chuige sin, ba cheart eisceachtaí ón nglacadh sainordaitheach le haghaidh íocaíochtaí in euro digiteach a chur ar fáil do dhaoine nádúrtha ag gníomhú dóibh le linn gníomhaíocht phearsanta nó gníomhaíocht tís amháin ***nó do dhaoine nádúrtha a fhaigheann liúntas ioncaim, pinsin nó rialtais***. Ba cheart eisceachtaí ar ghlacadh éigeantach a chur ar fáil freisin do mhicrifhiontair, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa limistéar euro chun cruthú post fiontraíochta agus nuálaíochta a fhorbairt, a bhfuil ról ríthábhachtach acu i múnlú an gheilleagair. Ba cheart do bheartais agus gníomhaíochtaí an Aontais na hualaí rialála atá ar fhiontair den mhéid sin a laghdú. Ba cheart eisceachtaí ar glacadh sainordaitheach a chur ar fáil freisin d'eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúis a chuireann leas an phobail chun cinn agus a fhónann do leas an phobail maidir le spriocanna éagsúla a bhaineann le leas na sochaí, lena n-áirítear cothromas, oideachas, sláinte, cosaint an chomhshaoil agus cearta an duine. Maidir le micrifhiontair agus eintiteas dhlítheanacha neamhbhrabúsacha, bheadh fáil an bhonneagair is gá agus na costais ghlactha díréireach. Dá bhrí sin, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid glacadh le híocaíochtaí in euro digiteach. I gcásanna den sórt sin, ba cheart fáil fós a bheith ann

cheart micrifhiontair agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha eile a ghlacann le modhanna digiteacha íocaíochta ***inchomparáide*** ó íocóirí a bheith faoi réir glacadh sainordaitheach le híocaíochtaí in euro digiteach. ***Ba cheart a áireamh le modhanna íocaíochta digiteacha inchomparáide íocaíocht le cárta dochair nó íocaíocht mheandrach nó réitigh theicneolaíocha eile amach anseo ag an bpointe idirghníomhaíochta, ach níor cheart a áireamh leo aistriú creidmheasa agus dochar díreach nach dtionscnaítear ag an bpointe idirghníomhaíochta.*** Micrifhiontair agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha nach nglacann le modhanna íocaíochta digiteacha ***inchomparáide*** óna n-íocóirí chun fiachas a shocrú (e.g. ní ghlacann siad ach le nótaí bainc agus monaí euro***), ach a fhéadfaidh íocaíochtaí digiteacha a úsáid chun fiachas a shocrú lena n-íocaithe (e.g. íocann siad le haistrithe creidmheasa***), níor cheart iad a bheith faoi réir an ghlactha shainordaithigh le euro digiteach. Ar deireadh, féadfaidh íocaí íocaíocht in euro digiteach a dhiúltú freisin má dhéantar an diúltú de mheon macánta agus má thugann an t-íocaí údar leis an diúltú ar fhorais dhlisteanacha agus shealadacha, i gcomhréir le himthosca nithiúla nach bhfuil neart aige orthu, rud a fhágann nach féidir glacadh le híocaíochtaí in euro digiteach tráth an idirbhirt, amhail briseadh cumhachta i gcás idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, nó gaireas lochtach i gcás idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne nó ar líne.

ar mhodhanna eile chun fiachais airgeadaíochta a shocrú. Mar sin féin, ba cheart micrifhiontair agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha eile a ghlacann le modhanna digiteacha íocaíochta ó íocóirí a bheith faoi réir glacadh sainordaitheach le híocaíochtaí in euro digiteach. ***Maidir*** le micrifhiontair agus eintitis dhlítheanacha neamhbhrabúsacha nach nglacann le modhanna íocaíochta digiteacha óna n-íocóirí chun fiachas a shocrú (e.g. ní ghlacann siad ach le nótaí bainc agus monaí euro), níor cheart iad a bheith faoi réir an ghlactha shainordaithigh le euro digiteach. Ar deireadh, féadfaidh íocaí íocaíocht in euro digiteach a dhiúltú freisin má dhéantar an diúltú de mheon macánta agus má thugann an t-íocaí údar leis an diúltú ar fhorais dhlisteanacha agus shealadacha, i gcomhréir le himthosca nithiúla nach bhfuil neart aige orthu, rud a fhágann nach féidir glacadh le híocaíochtaí in euro digiteach tráth an idirbhirt, amhail briseadh cumhachta i gcás idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, nó gaireas lochtach i gcás idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne nó ar líne.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Chun a áirithiú gur féidir	(19) Chun a áirithiú gur féidir

eisceachtaí breise ar ghlacadh sainordaitheach an euro dhigitigh a thabhairt isteach ag céim níos déanaí má tá gá leo, mar shampla de dheasca sonraíochtaí teicniúla a d'fhéadfadh a theacht chun cinn amach anseo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean ar an gCoimisiún i leith tabhairt isteach eisceachtaí breise de chineál dlí airgeadaíochta ar an oibleagáid idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a ghlacadh, a bheadh feidhm leo ar bhealach comhchuibhithe ar fud an limistéir euro, agus aon mholadh ó na Ballstáit chuige sin á chur san áireamh. Ní fhéadfaidh an Coimisiún eisceachtaí den sórt sin a ghlacadh má tá gá leo, má tá údar leo ar mhaithe le leas an phobail, má tá siad comhréireach, agus má chaomhnaíonn siad éifeachtacht dhlíthairiscint an euro dhigitigh. Cumhacht an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le tabhairt isteach eisceachtaí breise ar an oibleagáid idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a ghlacadh, ba cheart é a bheith gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit, de bhun a gcumhachtaí féin i réimsí inniúlachta roinnte, reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena dtugtar isteach eisceachtaí ar an nglacadh sainordaitheach a thagann as an dlíthairiscint i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhreithiúnas uaithi i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19.	eisceachtaí breise ar ghlacadh sainordaitheach an euro dhigitigh a thabhairt isteach ag céim níos déanaí má tá gá leo, mar shampla de dheasca sonraíochtaí teicniúla a d'fhéadfadh a theacht chun cinn amach anseo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean ar an gCoimisiún i leith tabhairt isteach eisceachtaí breise de chineál dlí airgeadaíochta ar an oibleagáid idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a ghlacadh, a bheadh feidhm leo ar bhealach comhchuibhithe ar fud an limistéir euro, agus aon mholadh ó ***Pharlaimint na hEorpa agus*** na Ballstáit chuige sin á chur san áireamh. Ní fhéadfaidh an Coimisiún eisceachtaí den sórt sin a ghlacadh ach amháin má tá gá leo, má tá údar leo ar mhaithe le leas an phobail, má tá siad comhréireach, agus má chaomhnaíonn siad éifeachtacht dhlíthairiscint an euro dhigitigh ***agus ach amháin má tá bealaí eile ar fáil chun fiachas airgeadaíochta a íoc***. Cumhacht an Choimisiúin chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le tabhairt isteach eisceachtaí breise ar an oibleagáid idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a ghlacadh, ba cheart é a bheith gan dochar don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit, de bhun a gcumhachtaí féin i réimsí inniúlachta roinnte, reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena dtugtar isteach eisceachtaí ar an nglacadh sainordaitheach a thagann as an dlíthairiscint i gcomhréir leis na coinníollacha arna leagan síos ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhreithiúnas uaithi i gCásanna Uamtha C-422/19 agus C-423/19.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Is é an príomhchuspóir atá le bunú an euro dhigitigh é a úsáid mar fhoirm den airgeadra aonair le dlíthairiscint sa limistéar euro. Chun na críche sin agus i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar ar úsáideoirí den euro digiteach a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro nó bunaithe ann, lena n-áirítear tomhaltóirí nach bhfuil seoladh seasta acu, iarrthóirí tearmainn agus tomhaltóirí nach ndeonaítear cead cónaithe orthu ach nach féidir iad a dhíbirt ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil ag fáil seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach cheana, ós rud é gur oscail siad cuntas íocaíochta sa euro digiteach an tráth a raibh cónaí orthu i mBallstát nó a raibh siad bunaithe ann agus a bhfuil an euro mar airgeadra aige, ach nach bhfuil cónaí orthu a thuilleadh nó nach bhfuil siad bunaithe a thuilleadh sa Bhallstát sin, féadfaidh siad seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a fháil fós ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi réir teorainneacha ama a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le stádas cónaithe nó bunaíochta na ndaoine sin a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a shainiú.	(21) Is é an príomhchuspóir atá le bunú an euro dhigitigh é a úsáid mar fhoirm ***bhreise*** den airgeadra aonair le dlíthairiscint sa limistéar euro. Chun na críche sin agus i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar ar úsáideoirí den euro digiteach a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro nó bunaithe ann, lena n-áirítear tomhaltóirí nach bhfuil seoladh seasta acu, iarrthóirí tearmainn agus tomhaltóirí nach ndeonaítear cead cónaithe orthu ach nach féidir iad a dhíbirt ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil ag fáil seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach cheana, ós rud é gur oscail siad cuntas íocaíochta sa euro digiteach an tráth a raibh cónaí orthu i mBallstát nó a raibh siad bunaithe ann agus a bhfuil an euro mar airgeadra aige, ach nach bhfuil cónaí orthu a thuilleadh nó nach bhfuil siad bunaithe a thuilleadh sa Bhallstát sin, féadfaidh siad seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a fháil fós ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi réir teorainneacha ama a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le stádas cónaithe nó bunaíochta na ndaoine sin a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a shainiú. ***Chun na gcríoch sin, déanfaidh an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach treoirlínte a eisiúint go comhpháirteach lena sonrófar an idirghníomhaíocht idir ceanglais AML/CFT agus soláthar seirbhísí bunúsacha íocaíochta sa euro digiteach. Ní thabharfar le tuiscint leis na treoirlínte sin go gcláraíonn soláthraithe seirbhíse íocaíochta stádas úsáideoirí féideartha den euro digiteach, lena n-áirítear mar iarrthóir tearmainn nó***

tairbhí de chosaint idirnáisiúnta nó duine aonair nach bhfuil seoladh seasta aige nó náisiúnach tríú tír nach ndeonaítear cead cónaithe dó.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) De bhun a chumhachtaí faoi na Conarthaí agus i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith in ann teorainneacha a shocrú maidir le húsáid an euro dhigitigh mar stór luacha. Ba cheart úsáid éifeachtach an euro dhigitigh mar mhodh íocaíochta dlíthairgthe a chaomhnú trí theorainneacha ar mhuirir idir sholáthraithe seirbhísí íocaíochta nó ar mhuirir ceannaí.	(31) De bhun a chumhachtaí faoi na Conarthaí agus i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith in ann teorainneacha a shocrú maidir le húsáid an euro dhigitigh mar stór luacha. ***Leis na teorainneacha sin, ba cheart an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais agus ar thionscal baincéireachta an Aontais a chur san áireamh, chomh maith leis an tionchar ar leasanna tomhaltóirí.*** Ba cheart úsáid éifeachtach an euro dhigitigh mar mhodh íocaíochta dlíthairgthe a chaomhnú trí theorainneacha ar mhuirir idir sholáthraithe seirbhísí íocaíochta nó ar mhuirir ceannaí.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) D'fhéadfadh úsáid neamhshrianta an euro dhigitigh mar stór luacha cobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro a chur i mbaol, agus bheadh éifeachtaí díobhálacha ag institiúidí creidmheasa ar sholáthar creidmheasa don gheilleagar. D'fhéadfadh sé go gceanglófaí leis sin go ndéanfadh an Banc Ceannais Eorpach, d'fhonn cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú, agus i gcomhréir le prionsabal na	(32) D'fhéadfadh úsáid neamhshrianta an euro dhigitigh mar stór luacha cobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro a chur i mbaol, agus bheadh éifeachtaí díobhálacha ag institiúidí creidmheasa ar sholáthar creidmheasa don gheilleagar. D'fhéadfadh sé go gceanglófaí leis sin go ndéanfadh an Banc Ceannais Eorpach, d'fhonn cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú, agus i gcomhréir le prionsabal na

comhréireachta, teorainneacha a thabhairt isteach ar úsáid an euro dhigitigh mar stór luacha. Áirítear ar na huirlisí beartais a d'fhéadfaí a úsáid chun na críche sin teorainneacha cainníochtúla le sealúchais aonair sa euro digiteach agus teorainneacha le catagóirí eile cistí a thiontú go euro digiteach laistigh de thréimhse shonraithe, ach ní bheadh siad teoranta dóibh. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le paraiméadair agus úsáid na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 1, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach prionsabal an gheilleagair margaidh oscailte a urramú le saoriomaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 127(1) CFAE.

comhréireachta, teorainneacha a thabhairt isteach ar úsáid an euro dhigitigh mar stór luacha. Áirítear ar na huirlisí beartais a d'fhéadfaí a úsáid chun na críche sin teorainneacha cainníochtúla le sealúchais aonair sa euro digiteach agus teorainneacha le catagóirí eile cistí a thiontú go euro digiteach laistigh de thréimhse shonraithe, ach ní bheadh siad teoranta dóibh. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le paraiméadair agus úsáid na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 1, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach prionsabal an gheilleagair margaidh oscailte a urramú le saoriomaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 127(1) CFAE. ***Ba cheart tiontú an euro dhigitigh go foirmeacha eile den euro, lena n-áirítear airgead tirim, a bheith neamhshrianta i gcónaí.***

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32 a) D'fhonn príobháideachas úsáideoirí den euro digiteach as líne a chosaint a mhéid is féidir, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach machnamh a dhéanamh ar theorainneacha a thabhairt isteach ar chuntais íocaíochta sa euro digiteach le haghaidh sealúchais as líne agus ar líne atá neamhspleách ar a chéile. D'fhéadfaí an dá theorainn a ríomh ina n-aonar, bunaithe ar shainiúlachtaí gach foirme den euro digiteach. Chomh maith leis sin, ní chuirfí úsáideoirí den euro digiteach i riocht ina mbeidís in ann tuilleadh euro digiteach ar líne a shealbhú dá n-ísleofaí an teorainn sealúchais atá orthu i dtaobh euro digiteach as líne, agus vice versa. Cuireann staid den sórt sin cosaint phríobháideachais an euro dhigitigh as líne i mbaol, ós rud é, dá n-athrófaí teorainn sealúchais an úsáideora, go

	nochtfaí an méid atá ina sheilbh aige go hiarbhír nó an méid is mian leis a shealbhú. Baineann sé an bonn freisin den chosúlacht idir an euro digiteach as líne agus airgead tirim, nach bhfuil aon teorainn sealúchais ann ina leith agus nach bhfuil an méid airgid thirim atá i seilbh úsáideora ag brath ar an méid atá i gcuntas bainc.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(34 a) Tá sé ríthábhachtach nach leor bunú an euro dhigitigh as líne chun bealaí a aimsiú chun rianú ná rialú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear é i gcomparáid le hairgead tirim.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Chun rochtain fhorleathan ar an euro digiteach agus úsáid an euro dhigitigh a áirithiú, i gcomhréir lena stádas mar dhlíthairiscint, agus chun tacú lena ról mar ancaire airgeadaíochta sa limistéar euro, níor cheart muirear a ghearradh ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro, ar dhaoine nádúrtha a d'oscail cuntas sa euro digiteach tráth a raibh cónaí orthu sa limistéar euro, ach nach bhfuil cónaí orthu ann a thuilleadh, ná ar chuairteoirí, as bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a úsáid. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon táille dhíreach a ghearradh ar úsáideoirí den euro digiteach den sórt sin as an rochtain bhunúsach atá acu ar an euro digiteach ná	(40) Chun rochtain fhorleathan ar an euro digiteach agus úsáid an euro dhigitigh a áirithiú, i gcomhréir lena stádas mar dhlíthairiscint, agus chun tacú lena ról mar ancaire airgeadaíochta sa limistéar euro, níor cheart muirear a ghearradh ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa limistéar euro, ar dhaoine nádúrtha a d'oscail cuntas sa euro digiteach tráth a raibh cónaí orthu sa limistéar euro, ach nach bhfuil cónaí orthu ann a thuilleadh, ná ar chuairteoirí, as bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a úsáid. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon táille dhíreach a ghearradh ar úsáideoirí den euro digiteach den sórt sin as an rochtain bhunúsach atá acu ar an euro digiteach ná

as úsáid bhunúsach an euro sin, lena n-áirítear gan táille idirbhirt a ghearradh orthu nó aon táille eile a bhaineann go díreach le soláthar seirbhísí a bhaineann le húsáid bhunúsach an euro dhigitigh. Níor cheart a cheangal ar úsáideoirí den euro digiteach cuntas íocaíochta euro neamhdhigiteach a bheith acu ná a oscailt ná glacadh le táirgí eile sa euro neamhdhigiteach. I gcás ina gcomhaontaíonn úsáideoir an euro dhigitigh le pacáiste seirbhísí ina bhfuil seirbhísí sa euro neamhdhigiteach agus bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ***ba*** cheart ***don soláthraí seirbhísí íocaíochta*** a bheith ***in*** ann ***an pacáiste seirbhísí sin a mhuirearú dá rogha féin***. ***Sa chás*** sin, níor cheart muirear difreáilte a bheith ann ar sheirbhísí sa euro neamhdhigiteach nuair a dhéantar iad a thairiscint ar leithligh nó mar chuid de phacáiste lena n-áirítear bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach. I gcás ina n-iarrann úsáideoir an euro dhigitigh gan ach bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a fháil le soláthraí seirbhísí íocaíochta, níor cheart na muirear a ghearradh ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear as feidhmiúlachtaí cascáide agus aisiompaithe cascáide i gcás ina bhfuil cuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach ag an úsáideoir den euro digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta eile freisin. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann muirear a ghearradh ar úsáideoirí den euro digiteach as seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach breise sa bhreis ar na bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach.

as úsáid bhunúsach an euro sin, lena n-áirítear gan táille idirbhirt a ghearradh orthu nó aon táille eile a bhaineann go díreach le soláthar seirbhísí a bhaineann le húsáid bhunúsach an euro dhigitigh. Níor cheart a cheangal ar úsáideoirí den euro digiteach cuntas íocaíochta euro neamhdhigiteach a bheith acu ná a oscailt ná glacadh le táirgí eile sa euro neamhdhigiteach. I gcás ina gcomhaontaíonn úsáideoir an euro dhigitigh le pacáiste seirbhísí ina bhfuil seirbhísí sa euro neamhdhigiteach agus bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ***níor*** cheart ***aon éifeacht ar phraghas an phacáiste seirbhísí*** a bheith ann ***toisc gur cuireadh na seirbhísí sin sa phacáiste***. ***Is é*** sin, níor cheart muirear difreáilte a bheith ann ar sheirbhísí sa euro neamhdhigiteach nuair a dhéantar iad a thairiscint ar leithligh nó mar chuid de phacáiste lena n-áirítear bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach. I gcás ina n-iarrann úsáideoir an euro dhigitigh gan ach bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a fháil le soláthraí seirbhísí íocaíochta, níor cheart na muirear a ghearradh ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear as feidhmiúlachtaí cascáide agus aisiompaithe cascáide i gcás ina bhfuil cuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach ag an úsáideoir den euro digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta eile freisin. Níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann muirear a ghearradh ar úsáideoirí den euro digiteach as seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach breise sa bhreis ar na bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 41

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(41) Ní ghearrann an Banc Ceannais Eorpach ná an Eurochóras muirear ar	(41) Ní ghearrann an Banc Ceannais Eorpach ná an Eurochóras muirear ar

sholáthraithe seirbhísí íocaíochta as na costais a íocann sé chun tacú lena soláthar seirbhísí sa euro digiteach d'úsáideoirí den euro digiteach.	sholáthraithe seirbhísí íocaíochta as na costais a íocann sé chun tacú lena soláthar seirbhísí sa euro digiteach d'úsáideoirí den euro digiteach. ***Ar an gcaoi chéanna, níor cheart do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta muirear a ghearradh ar úsáideoirí as na costais a íocann siad chun tacú le húsáid na seirbhísí bunúsacha sa euro digiteach.***

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) D'fhéadfadh tionchar neamh-inmhianaithe a bheith ag dáileadh iomarcach an euro dhigitigh lasmuigh den limistéar euro ar mhéid agus ar chomhdhéanamh chlár comhardaithe comhdhlúite an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na mbanc ceannais náisiúnta. D'fhéadfadh na tionchair ar cheannasacht airgeadaíochta agus ar chobhsaíocht airgeadais na dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro a bheith éagsúil freisin ag brath ar úsáid an euro dhigitigh lasmuigh den limistéar euro. D'fhéadfadh na tionchair sin a bheith díobhálach i gcás ina dtiocfadh an euro digiteach in ionad an airgeadra áitiúil i líon ard idirbheart intíre. Go sonrach, staid ina mbeadh an euro digiteach ceannasach i mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige, rud a thiocfadh in ionad an airgeadra náisiúnta de facto, d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar na critéir agus ar an bpróiseas maidir le glacadh an limistéir euro a leagtar amach in Airteagal 140 CFAE. Chun éifeachtaí neamh-inmhianaithe a sheachaint agus chun ***cosc a chur ar cheannasacht*** airgeadaíochta agus ***ar*** rioscaí cobhsaíochta airgeadais, laistigh agus lasmuigh den limistéar euro araon, is gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht don Aontas comhaontuithe a thabhairt i	(47) D'fhéadfadh tionchar neamh-inmhianaithe a bheith ag dáileadh iomarcach an euro dhigitigh lasmuigh den limistéar euro ar mhéid agus ar chomhdhéanamh chlár comhardaithe comhdhlúite an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus na mbanc ceannais náisiúnta. D'fhéadfadh na tionchair ar cheannasacht airgeadaíochta agus ar chobhsaíocht airgeadais na dtíortha nach bhfuil sa limistéar euro a bheith éagsúil freisin ag brath ar úsáid an euro dhigitigh lasmuigh den limistéar euro. D'fhéadfadh na tionchair sin a bheith díobhálach i gcás ina dtiocfadh an euro digiteach in ionad an airgeadra áitiúil i líon ard idirbheart intíre. Go sonrach, staid ina mbeadh an euro digiteach ceannasach i mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige, rud a thiocfadh in ionad an airgeadra náisiúnta de facto, d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar na critéir agus ar an bpróiseas maidir le glacadh an limistéir euro a leagtar amach in Airteagal 140 CFAE. Chun éifeachtaí neamh-inmhianaithe a sheachaint agus chun ***ceannasacht*** airgeadaíochta agus rioscaí cobhsaíochta airgeadais ***a chosc***, laistigh agus lasmuigh den limistéar euro araon, is gá foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht don Aontas comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú

gcrích le tríú tíortha***, agus maidir leis*** an ***mBanc*** Ceannais Eorpach***,*** socruithe a thabhairt i gcrích le bainc ceannais náisiúnta na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá acu ***agus le bainc ceannais náisiúnta tríú tíortha, chun*** na coinníollacha ***a shonrú*** maidir le soláthar rialta seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach d'úsáideoirí den euro digiteach a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe lasmuigh den limistéar euro. Níor cheart go gcumhdódh comhaontuithe agus comhshocruithe den sórt sin cuairteoirí chuig an limistéar euro, ar féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[31], i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar go díreach dóibh.

[31] Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

tíortha***. Ba cheart*** an ***Banc*** Ceannais Eorpach ***a spreagadh chun*** socruithe a thabhairt i gcrích le bainc ceannais náisiúnta na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá acu***, chun sonrú a dhéanamh ar*** na coinníollacha maidir le soláthar rialta seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach d'úsáideoirí den euro digiteach a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe lasmuigh den limistéar euro***. Is féidir comhaontuithe comhchosúla a thabhairt i gcrích le bainc cheannais náisiúnta tríú tíortha***. Níor cheart go gcumhdódh comhaontuithe agus comhshocruithe den sórt sin cuairteoirí chuig an limistéar euro, ar féidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[31], i gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar go díreach dóibh.

[31] Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (IO L 1, 3.1.1994, lch. 3).

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Ba cheart soláthar seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach d'úsáideoirí den euro digiteach a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe i mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige a bheith faoi réir socrú roimh ré idir an Banc Ceannais Eorpach agus banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit nach é an euro an t-airgeadra atá aige, tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige. I gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá	(48) ***Níor cheart idirdhealú a dhéanamh ar shaoránaigh ná ar ghnólachtaí sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu ná caighdeáin dhúbailte a chruthú sa mhargadh aonair mar thoradh ar an euro a chur in úsáid go príomha sa limistéar euro. Ba cheart go mbeadh an deis ag úsáideoirí ionchasacha den euro digiteach sna Ballstáit sin glacadh leis an euro digiteach dá ndeoin féin i gcás inar féidir.*** Ba cheart soláthar seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach d'úsáideoirí den euro

bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro.

digiteach a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe i mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige a bheith ***indéanta faoi shocrú*** roimh ré idir an Banc Ceannais Eorpach agus banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit nach é an euro an t-airgeadra atá aige, tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá aige. ***Ba cheart a áirithiú leis an socrú sin go bhfaighidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha a thagann chun bheith ina n-úsáideoirí den euro digiteach sa Bhallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu na coinníollacha agus na deiseanna céanna maidir le rochtain ar an euro digiteach agus a fhaigheann úsáideoirí den euro digiteach sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, go háirithe maidir le teorainneacha, méid na seirbhísí bunúsacha saor in aisce, etc., gan dochar do shaincheart an Bhainc Cheannais Eorpaigh cuspóirí a bheartais airgeadaíochta a choimirciú.*** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá bunaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach atá ina gcónaí nó atá bunaithe i mBallstáit nach bhfuil sa limistéar euro.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 53

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(53) Ba cheart comhaontuithe agus comhshocruithe a bhaineann le soláthar seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach nó íocaíochtaí trasairgeadra a bhaineann leis an euro digiteach a thabhairt i gcrích ar bhonn deonach, i dtosaíocht le Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach comhoibriú le bainc ceannais náisiúnta na mBallstát nach	(53) Ba cheart comhaontuithe agus comhshocruithe a bhaineann le soláthar seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach nó íocaíochtaí trasairgeadra a bhaineann leis an euro digiteach a thabhairt i gcrích ar bhonn deonach, i dtosaíocht le Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach comhoibriú ***go gníomhach*** le bainc ceannais náisiúnta na

é an euro an t-airgeadra atá acu chun críche íocaíochtaí trasairgeadra a bhaineann leis an euro digiteach.

mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá acu chun críche íocaíochtaí trasairgeadra a bhaineann leis an euro digiteach.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 59

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(59) Chun eispéireas úsáideoirí úsáideora comhchuibhithe a éascú, leis na rialacha, na caighdeáin agus na próisis maidir leis an euro digiteach a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a inniúlachtaí féin, ba cheart a áirithiú go mbeidh aon úsáideoir den euro digiteach in ann idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a dhéanamh le haon úsáideoirí den euro digiteach eile ar fud an limistéir euro gan beann ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena mbaineann agus ar na seirbhísí tosaigh a úsáidtear. Chun ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola na hEorpa a laghdú, agus chun tacú le hiomaíocht, le héifeachtúlacht agus le nuálaíocht sa mhargadh sin, agus le hionstraimí íocaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir straitéis an Choimisiúin maidir le híocaíochtaí miondíola, ba cheart an euro digiteach a bheith comhoiriúnach, a mhéid is féidir, le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha, ag cur le sineirgí feidhmiúla agus teicniúla. Go háirithe, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach féachaint lena áirithiú go bhfuil an euro digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha ag an bpointe idirghníomhaíochta, agus le híocaíochtaí duine le duine, áit a bhfuil ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola an Aontais mór faoi láthair. D'fhéadfaí tacú leis an gcomhoiriúnacht sin trí chaighdeáin oscailte, rialacha comhchoiteanna agus próisis chomhchoiteanna, agus b'fhéidir trí bhonneagair chomhroinnte, a úsáid. Cé go	(59) Chun eispéireas úsáideoirí úsáideora comhchuibhithe a éascú, leis na rialacha, na caighdeáin agus na próisis maidir leis an euro digiteach a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a inniúlachtaí féin, ba cheart a áirithiú go mbeidh aon úsáideoir den euro digiteach in ann idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a dhéanamh le haon úsáideoirí den euro digiteach eile ar fud an limistéir euro gan beann ar na soláthraithe seirbhísí íocaíochta lena mbaineann agus ar na seirbhísí tosaigh a úsáidtear. Chun ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola na hEorpa a laghdú, agus chun tacú le hiomaíocht, le héifeachtúlacht agus le nuálaíocht sa mhargadh sin, agus le hionstraimí íocaíochta a fhorbairt ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir straitéis an Choimisiúin maidir le híocaíochtaí miondíola, ba cheart an euro digiteach a bheith comhoiriúnach, a mhéid is féidir, le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha, ag cur le sineirgí feidhmiúla agus teicniúla. Go háirithe, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach féachaint lena áirithiú go bhfuil an euro digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha ag an bpointe idirghníomhaíochta, agus le híocaíochtaí duine le duine, áit a bhfuil ilroinnt mhargadh íocaíochtaí miondíola an Aontais mór faoi láthair. D'fhéadfaí tacú leis an gcomhoiriúnacht sin trí chaighdeáin oscailte, rialacha comhchoiteanna agus próisis chomhchoiteanna, agus b'fhéidir trí bhonneagair chomhroinnte, a úsáid. ***Go***

bhféadfar réitigh atá ann cheana a ghiaráil i gcás ina meastar go bhfuil na réitigh sin iomchuí chun comhoiriúnacht a áirithiú, go háirithe d'fhonn costais fhoriomlána oiriúnaithe a íoslaghdú, leis na réitigh sin atá ann cheana níor cheart go gcruthófaí spleáchais mhíchuí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an euro digiteach a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua nó a bheadh ar neamhréir leis na gnéithe digiteacha euro. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus gan aon cheart in-fhorfheidhmithe a thabhairt d'oibreoirí margaidh, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach féachaint lena áirithiú go bhfuil an euro digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha ar bhonn iarrachta agus i gcás ina meastar gurb iomchuí sin.	***sonrach, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach tosaíocht a thabhairt d'úsáid caighdeán oscailte i gcás ina bhfuil na caighdeáin sin ar fáil.*** Cé go bhféadfar réitigh atá ann cheana a ghiaráil i gcás ina meastar go bhfuil na réitigh sin iomchuí chun comhoiriúnacht a áirithiú, go háirithe d'fhonn costais fhoriomlána oiriúnaithe a íoslaghdú, leis na réitigh sin atá ann cheana níor cheart go gcruthófaí spleáchais mhíchuí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an euro digiteach a oiriúnú do theicneolaíochtaí nua nó a bheadh ar neamhréir leis na gnéithe digiteacha euro. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus gan aon cheart in-fhorfheidhmithe a thabhairt d'oibreoirí margaidh, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach féachaint lena áirithiú go bhfuil an euro digiteach comhoiriúnach le réitigh íocaíochta dhigiteacha phríobháideacha ar bhonn iarrachta agus i gcás ina meastar gurb iomchuí sin.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Chun rochtain a fháil ar an euro digiteach agus chun é a úsáid mar chuid de sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ba cheart seirbhísí tosaigh a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach. Ba cheart an deis a bheith ag na húsáideoirí sin rochtain a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach agus iad a úsáid trí na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann brath ar sheirbhísí tosaigh arna soláthar ag páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, go háirithe i gcás ina bhfuil an costas a bhaineann le seirbhísí tosaigh a fhorbairt	(61) Chun rochtain a fháil ar an euro digiteach agus chun é a úsáid mar chuid de sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach, ba cheart seirbhísí tosaigh a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach. Ba cheart an deis a bheith ag na húsáideoirí sin rochtain a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach agus iad a úsáid trí na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann brath ar sheirbhísí tosaigh arna soláthar ag páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an Banc Ceannais Eorpach, go háirithe i gcás ina bhfuil an costas a bhaineann le seirbhísí tosaigh a fhorbairt

agus a oibriú, lena n-áirítear feidhmchláir, díréireach. I gcás inar féidir le húsáideoirí den euro digiteach rogha a dhéanamh idir seirbhísí tosaigh éagsúla, ba cheart an cinneadh maidir le seirbhís tosaigh ar leith a roghnú a bheith faoi láimh na n-úsáideoirí sin ar deireadh agus níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ná don Bhanc Ceannais Eorpach é a fhorchur. I ndáil leis sin, ba cheart é a bheith d'acmhainn ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta an deis a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a rochtain agus a úsáid trí na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag an mBanc Ceannais Eorpach. Cuirfidh an Banc Ceannais Eorpach agus na soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun a áirithiú nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpaigh rochtain a fháil ar chéannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach trína réiteach tosaigh.

agus a oibriú, lena n-áirítear feidhmchláir, díréireach. I gcás inar féidir le húsáideoirí den euro digiteach rogha a dhéanamh idir seirbhísí tosaigh éagsúla, ba cheart an cinneadh maidir le seirbhís tosaigh ar leith a roghnú a bheith faoi láimh na n-úsáideoirí sin ar deireadh agus níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta ná don Bhanc Ceannais Eorpach é a fhorchur. I ndáil leis sin, ba cheart é a bheith d'acmhainn ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta an deis a sholáthar d'úsáideoirí den euro digiteach seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a rochtain agus a úsáid trí na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag an mBanc Ceannais Eorpach. ***Ba cheart don Bhanc*** Ceannais Eorpach agus na soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun ***go mbeidh sé dodhéanta ó thaobh na teicneolaíochta de don Bhanc*** Ceannais Eorpaigh rochtain a fháil ar chéannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 62

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(62) Ionas nach gcuirfear isteach ar chaidreamh custaiméirí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta ná ar an ról atá acu i ndáileadh an euro dhigitigh, ba cheart na réitigh tosaigh arna soláthar ag an mBanc Ceannais Eorpach a theorannú do sholáthar comhéadain idir úsáideoirí den euro digiteach agus bonneagair íocaíochta na soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Go sonrach, ní bheadh caidreamh conarthach ag an Eurochóras le húsáideoirí digiteacha euro fiú dá n-úsáidfeadh na húsáideoirí sin na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart don	(62) Ionas nach gcuirfear isteach ar chaidreamh custaiméirí na soláthraithe seirbhísí íocaíochta ná ar an ról atá acu i ndáileadh an euro dhigitigh, ba cheart na réitigh tosaigh arna soláthar ag an mBanc Ceannais Eorpach a theorannú do sholáthar comhéadain idir úsáideoirí den euro digiteach agus bonneagair íocaíochta na soláthraithe seirbhísí íocaíochta. Go sonrach, ní bheadh caidreamh conarthach ag an Eurochóras le húsáideoirí den euro digiteach fiú dá n-úsáidfeadh na húsáideoirí sin na seirbhísí tosaigh arna soláthar ag an mBanc Ceannais Eorpach.

Bhanc Ceannais Eorpach agus do na soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun a áirithiú nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpaigh rochtain a fháil ar chéannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach trína réiteach tosaigh.	***Ba cheart don Bhanc*** Ceannais Eorpach agus na soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun ***go mbeidh sé dodhéanta ó thaobh na teicneolaíochta de don Bhanc*** Ceannais Eorpaigh rochtain a fháil ar chéannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 64

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(64) Chun foráil a dhéanamh maidir le socraíocht mheandarach, idirbhearta sa euro digiteach ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear i gcomhthéacs maoinithe agus díchistithe, agus mar chascáid agus feidhmiúlachtaí aisiompaithe cascáide, ba cheart iad a shocrú láithreach, i gcúpla soicind, i ngnáthchúinsí. Ba cheart socraíocht maidir le hidirbheart íocaíochta sa euro digiteach ar líne a dhéanamh i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras. Ba cheart idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a shocrú laistigh de cúpla soicind mar a shonraítear faoi na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla arna nglacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart socraíocht chríochnaitheach ar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a bhaint amach tráth a thaifeadtar an euro digiteach lena mbaineann an t-íocóir agus an t-íocaí i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh arna fhormheas ag an mBanc Ceannais Eorpach, gan beann ar an euro digiteach a thaifeadadh mar iarmhéideanna sealúchais nó mar aonaid luacha, nó ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Ba cheart go bhféachfadh bonneagar socraíochta an euro dhigitigh le hoiriúnú do theicneolaíochtaí	(64) Chun foráil a dhéanamh maidir le socraíocht mheandarach, idirbhearta sa euro digiteach ar líne agus as líne araon, lena n-áirítear i gcomhthéacs maoinithe agus díchistithe, agus mar chascáid agus feidhmiúlachtaí aisiompaithe cascáide, ba cheart iad a shocrú láithreach, i gcúpla soicind, i ngnáthchúinsí. Ba cheart socraíocht maidir le hidirbheart íocaíochta sa euro digiteach ar líne a dhéanamh i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh arna ghlacadh ag an Eurochóras. Ba cheart idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a shocrú laistigh de cúpla soicind mar a shonraítear faoi na ceanglais fheidhmiúla agus theicniúla arna nglacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach. Ba cheart socraíocht chríochnaitheach ar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne a bhaint amach tráth a thaifeadtar an euro digiteach lena mbaineann an t-íocóir agus an t-íocaí i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh arna fhormheas ag an mBanc Ceannais Eorpach, gan beann ar an euro digiteach a thaifeadadh mar iarmhéideanna sealúchais nó mar aonaid luacha, nó ar an teicneolaíocht a úsáidtear. Ba cheart go bhféachfadh bonneagar socraíochta an euro dhigitigh le hoiriúnú do theicneolaíochtaí

nua a áirithiú, lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte.

nua a áirithiú, lena n-áirítear teicneolaíocht mórleabhar dáilte. ***I bhfianaise íogaireacht na sonraí atá le stóráil sa bhonneagar socraíochta, ba cheart prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú mar a shainmhínítear i Rialachán 2016/679 iad a léiriú go cuí ina fhorbairt, mar aon le cur chun feidhme coimircí iomchuí i ndáil leis sin.***

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 67

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(67) Ar chúiseanna a bhaineann le saoirse chonarthach agus chun iomaíocht a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag úsáideoirí den euro digiteach a gcuntais íocaíochta sa euro digiteach a aistriú chuig soláthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla. Arna iarraidh sin d'úsáideoirí an euro dhigitigh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a chumasú ansin na cuntais íocaíochta sa euro digiteach a mhalartú, agus na haitheantóirí cuntais céanna á gcoinneáil acu ag an am céanna. In imthosca eisceachtúla nuair nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann an cúram sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear de dheasca na sonraí ábhartha a bhaineann le cuntas íocaíochta sa euro digiteach a bheith caillte aige, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith in ann malartú cuntas íocaíochta sa euro digiteach a údarú ionas gur féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta nua arna ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach an fhaisnéis faoi shealúchais sa euro digiteach an úsáideora den euro digiteach a aisghabháil agus an t-athrú a chur i gcrích gan brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil ar fáil. Leis an bpróiseas sin, ba cheart an t-úsáideoir den euro digiteach a bheith in ann leanúint de rochtain a fháil ar a shealúchais sa euro digiteach tríd an soláthraí seirbhíse	(67) Ar chúiseanna a bhaineann le saoirse chonarthach agus chun iomaíocht a áirithiú, ba cheart an deis a bheith ag úsáideoirí den euro digiteach a gcuntais íocaíochta sa euro digiteach a aistriú ***saor in aisce*** chuig soláthraithe seirbhísí íocaíochta éagsúla. Arna iarraidh sin d'úsáideoirí an euro dhigitigh, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a chumasú ansin na cuntais íocaíochta sa euro digiteach a mhalartú, agus na haitheantóirí cuntais céanna á gcoinneáil acu ag an am céanna. In imthosca eisceachtúla nuair nach bhfuil soláthraí seirbhísí íocaíochta in ann an cúram sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear de dheasca na sonraí ábhartha a bhaineann le cuntas íocaíochta sa euro digiteach a bheith caillte aige, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach a bheith in ann malartú cuntas íocaíochta sa euro digiteach a údarú ionas gur féidir leis an soláthraí seirbhísí íocaíochta nua arna ainmniú ag an úsáideoir den euro digiteach an fhaisnéis faoi shealúchais sa euro digiteach an úsáideora den euro digiteach a aisghabháil agus an t-athrú a chur i gcrích gan brath ar an soláthraí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil ar fáil. Leis an bpróiseas sin, ba cheart an t-úsáideoir den euro digiteach a bheith in ann leanúint de rochtain a fháil ar a shealúchais

íocaíochta ainmnithe nua. Ní bheadh aon ról oibríochtúil ag an mBanc Ceannais Eorpach sa mhalartú ar chuntas i gcásanna gnóthais leantaigh agus in imthosca eisceachtúla araon.

sa euro digiteach tríd an soláthraí seirbhíse íocaíochta ainmnithe nua. Ní bheadh aon ról oibríochtúil ag an mBanc Ceannais Eorpach sa mhalartú ar chuntas i gcásanna gnóthais leantaigh agus in imthosca eisceachtúla araon.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) Tá sé fíor-riachtanach go gcoiscfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta calaois chun saoránaigh a bhaineann úsáid as an euro digiteach a chosaint, chun sláine na sonraí pearsanta a phróiseáiltear in íocaíochtaí sa euro digiteach a chosaint, agus chun feidhmiú rianúil agus éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú. Tá ról fíor-riachtanach ag cosc na calaoise chun muinín a chothú san airgeadra aonair. Chun na críche sin, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach sásra ginearálta chun calaois a bhrath agus a chosc calaoise a bhunú chun tacú le gníomhaíochtaí bainistithe calaoise arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne. Le sásra ginearálta chun calaois a bhrath agus a chosc, soláthraítear raon feidhmeanna fíor-riachtanacha chun patrúin calaoise a bhrath nach bhféadfadh soláthraí seirbhísí íocaíochta aonair a bhrath as a stuaim féin. Is minic nach mbíonn léargas iomlán ag soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin ar na gnéithe lena bhféadfaí calaois a bhrath go tráthúil. Mar sin féin, is féidir é a dhéanamh níos éifeachtaí le faisnéis faoi ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith calaoiseach a eascraíonn ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta eile. Is ann don fheidhm ghinearálta sin um chalaois a bhrath i scéimeanna íocaíochta inchomparáide agus tá sí riachtanach chun rátaí calaoise ar léir a bheith íseal a bhaint	(68) Tá sé fíor-riachtanach go gcoiscfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta calaois chun saoránaigh a bhaineann úsáid as an euro digiteach a chosaint, chun sláine na sonraí pearsanta a phróiseáiltear in íocaíochtaí sa euro digiteach a chosaint, agus chun feidhmiú rianúil agus éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú. Tá ról fíor-riachtanach ag cosc na calaoise chun muinín a chothú san airgeadra aonair. Chun na críche sin, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach sásra ginearálta chun calaois a bhrath agus a chosc calaoise a bhunú chun tacú le gníomhaíochtaí bainistithe calaoise arna ndéanamh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta maidir le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne. Le sásra ginearálta chun calaois a bhrath agus a chosc, soláthraítear raon feidhmeanna fíor-riachtanacha chun patrúin calaoise a bhrath nach bhféadfadh soláthraí seirbhísí íocaíochta aonair a bhrath as a stuaim féin. Is minic nach mbíonn léargas iomlán ag soláthraí seirbhísí íocaíochta amháin ar na gnéithe lena bhféadfaí calaois a bhrath go tráthúil. Mar sin féin, is féidir é a dhéanamh níos éifeachtaí le faisnéis faoi ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith calaoiseach a eascraíonn ó sholáthraithe seirbhísí íocaíochta eile. Is ann don fheidhm ghinearálta sin um chalaois a bhrath i scéimeanna íocaíochta inchomparáide agus tá sí riachtanach chun rátaí calaoise ar léir a bheith íseal a bhaint

amach d'fhonn an euro digiteach a choinneáil slán do thomhaltóirí agus do cheannaithe araon. Ba cheart aistriú faisnéise idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus an sásra chun calaois a bhrath agus a chosc a bheith faoi réir bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun a áirithiú nach n-aithneofar úsáideoirí aonair den euro digiteach sa sásra lárnach chun calaois a bhrath agus a chosc.

amach d'fhonn an euro digiteach a choinneáil slán do thomhaltóirí agus do cheannaithe araon. Ba cheart aistriú faisnéise idir soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus an sásra chun calaois a bhrath agus a chosc a bheith faoi réir bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais chun a áirithiú nach n-aithneofar úsáideoirí aonair den euro digiteach sa sásra lárnach chun calaois a bhrath agus a chosc***, chomh maith le coimircí iomchuí lena gcuirtear cosc ar chlaonadh algartamach***.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 70

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(70) Is cearta bunúsacha iad na cearta chun príobháideachta agus chun cosaint sonraí pearsanta a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar a chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí[34] i dtábhacht go láidir, tá ardchaighdeán príobháideachais agus cosanta sonraí ríthábhachtach chun muinín mhuintir na hEorpa as an euro digiteach a bheidh ann amach anseo a áirithiú. Tá sé sin i gcomhréir freisin le Prionsabail Beartais Phoiblí G7 le haghaidh Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais Miondíola. Dhéanfaí próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh comhlíonadh agus i gcomhthéacs an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1715[36], chomh maith le Treoir 2002/58/CE i gcás inarb infheidhme.	(70) Is cearta bunúsacha iad na cearta chun príobháideachta agus chun cosaint sonraí pearsanta a chumhdaítear in Airteagal 7 agus in Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Mar a chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí[34] i dtábhacht go láidir, tá ardchaighdeán príobháideachais agus cosanta sonraí ríthábhachtach chun muinín mhuintir na hEorpa as an euro digiteach a bheidh ann amach anseo a áirithiú. Tá sé sin i gcomhréir freisin le Prionsabail Beartais Phoiblí G7 le haghaidh Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais Miondíola. Dhéanfaí próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh comhlíonadh agus i gcomhthéacs an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679[35] agus Rialachán (AE) ***2018/1725***[36], chomh maith le Treoir 2002/58/CE[37] i gcás inarb infheidhme***, go háirithe i gcomhréir le prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú***.

[34] Ráiteas maidir leis na roghanna maidir le

[34] Ráiteas maidir leis na roghanna maidir le

dearadh le haghaidh euro digiteach ó thaobh an phríobháideachais agus na cosanta sonraí de a glacadh an 10 Deireadh Fómhair 2022.

[35] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.

[36] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98.

[37] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

dearadh le haghaidh euro digiteach ó thaobh an phríobháideachais agus na cosanta sonraí de a glacadh an 10 Deireadh Fómhair 2022.

[35] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.

[36] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98.

[37] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 71

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(71) Dá bhrí sin, ba cheart an euro digiteach a cheapadh sa chaoi go laghdófar a oiread is féidir an phróiseáil a dhéanann soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus an Banc Ceannais Eorpach ar shonraí pearsanta go dtí an méid is gá chun feidhmiú cuí an euro dhigitigh a áirithiú. Ba cheart an euro digiteach a bheith ar fáil	(71) Dá bhrí sin, ba cheart an euro digiteach a cheapadh sa chaoi go laghdófar a oiread is féidir an phróiseáil a dhéanann soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus an Banc Ceannais Eorpach ar shonraí pearsanta go dtí an méid is gá chun feidhmiú cuí an euro dhigitigh a áirithiú***, dá dtagraítear faoi Airteagal 5 1(c) den***

as líne, le leibhéal príobháideachais i leith soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá inchomparáide le haistarraingtí nótaí bainc ag uathmheaisíní bainc. Ba cheart socraíocht idirbheart sa euro digiteach a cheapadh ar bhealach nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc ceannais náisiúnta sonraí a shannadh d'úsáideoir den euro digiteach aitheanta nó inaitheanta.

Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ba cheart an euro digiteach a bheith ar fáil as líne, le leibhéal príobháideachais i leith soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá inchomparáide le haistarraingtí nótaí bainc ag uathmheaisíní bainc. Ba cheart socraíocht idirbheart sa euro digiteach a cheapadh ar bhealach nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc ceannais náisiúnta sonraí a shannadh d'úsáideoir den euro digiteach aitheanta nó inaitheanta. ***Thairis sin, chun críche fíordheimhniúcháin agus sainaitheantais agus i gcomhréir le prionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus an phríobháideachais trí dhearadh agus mar réamhshocrú mar a leagtar síos i Rialachán 2016/679, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta modhanna fíordheimhnithe agus sainaitheantais nach bhfuil ag brath ar shonraí bithmhéadracha a sholáthar trí réamhshocrú.***

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 72

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(72) Chomh maith leis sin, ba cheart cosaint sonraí trí dhearadh agus cosaint sonraí mar réamhshocrú a leabú sna córais próiseála sonraí pearsanta go léir a fhorbraítear agus a úsáidtear faoi chuimsiú an Rialacháin seo. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith faoi réir coimircí iomchuí chun cearta agus saoirsí an duine is ábhar do na sonraí a chosaint. Ba cheart a áirithiú leis na coimircí sin go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm go háirithe chun a áirithiú go n-urramófar na prionsabail cosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1715, lena n-áirítear íoslaghdú sonraí agus teorannú de	(72) Chomh maith leis sin, ba cheart cosaint sonraí trí dhearadh agus cosaint sonraí mar réamhshocrú a leabú sna córais próiseála sonraí pearsanta go léir a fhorbraítear agus a úsáidtear faoi chuimsiú an Rialacháin seo. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta a bheith faoi réir coimircí iomchuí chun cearta agus saoirsí an duine is ábhar do na sonraí a chosaint. Ba cheart a áirithiú leis na coimircí sin go bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm go háirithe chun a áirithiú go n-urramófar na prionsabail cosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) ***2018/1725***, lena n-áirítear íoslaghdú sonraí agus teorannú de réir cuspóra. ***Féadfaidh an Bord Eorpach***

réir cuspóra.

um Chosaint Sonraí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach, treoirlínte a eisiúint maidir le bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear teicnící bréagainmniúcháin chun críocha an euro dhigitigh.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 73

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(73) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann sonraí pearsanta a phróiseáil a mhéid is gá chun cúraimí atá riachtanach d'fheidhmiú cuí an euro dhigitigh a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí próiseála dleathach a mhéid a bhaineann leis an euro digiteach má tá siad riachtanach agus a mhéid atá siad riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir de bhun an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, is cúraimí ar mhaithe le leas an phobail iad próiseáil sonraí pearsanta chun críocha teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú, cistiú agus díchistiú gabháltas úsáideora a thionscnamh agus bainistiú a dhéanamh ar ghairis stórála áitiúla le haghaidh íocaíochtaí sa euro digiteach as líne, ar cúraimí iad atá fíor-riachtanach chun cosaint a thabhairt do shaoránaigh a úsáideann an euro digiteach agus do chobhsaíocht agus sláine chóras airgeadais an Aontais. Is iad soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheidh ina rialaitheoirí sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann leis na cúraimí sin. Ina theannta sin, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a phróiseáil chun cúraimí atá ann cheana a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail nó chun oibleagáid dhlíthiúil	(73) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a bheith in ann sonraí pearsanta a phróiseáil a mhéid is gá chun cúraimí atá riachtanach d'fheidhmiú cuí an euro dhigitigh a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart a mheas go bhfuil gníomhaíochtaí próiseála dleathach a mhéid a bhaineann leis an euro digiteach má tá siad riachtanach agus a mhéid atá siad riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoina réir de bhun an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, is cúraimí ar mhaithe le leas an phobail iad próiseáil sonraí pearsanta chun críocha teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú, cistiú agus díchistiú gabháltas úsáideora a thionscnamh agus bainistiú a dhéanamh ar ghairis stórála áitiúla le haghaidh íocaíochtaí sa euro digiteach as líne, ar cúraimí iad atá fíor-riachtanach chun cosaint a thabhairt do shaoránaigh a úsáideann an euro digiteach agus do chobhsaíocht agus sláine chóras airgeadais an Aontais. Is iad soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bheidh ina rialaitheoirí sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann leis na cúraimí sin. Ina theannta sin, féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a phróiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil arna bunú i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le cistí a

arna bunú i ndlí an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le cistí a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366 a chomhlíonadh. Tá feidhm ag na cúraimí sin maidir le seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus calaois a chosc agus a bhrath i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849, oibleagáidí a bhaineann le cánachas agus seachaint cánach a chomhlíonadh, agus rioscaí oibríochtúla agus slándála a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/255.

shainmhínítear i dTreoir (AE) 2015/2366 a chomhlíonadh. Tá feidhm ag na cúraimí sin maidir le seirbhísí íocaíochta a sholáthar agus calaois a chosc agus a bhrath i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/2366, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le Treoir (AE) 2015/849, oibleagáidí a bhaineann le cánachas agus seachaint cánach a chomhlíonadh, agus rioscaí oibríochtúla agus slándála a bhainistiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/255.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 75

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(75) Is éard atá in idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne íocaíochtaí a tharlaíonn i ndlúthghaireacht fhisiceach (‘duine le duine’). Tá cosúlachtaí idir iad agus idirbhearta airgid thirim agus ba cheart déileáil leo ar an mbealach céanna ó thaobh príobháideachais de. Dá bhrí sin, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne a phróiseáil, ach níor cheart dóibh ach sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le euro digiteach a thaisceadh nó a aistarraingt ó chuntais íocaíochta sa euro digiteach chun iad a luchtú ar na gairis stórála áitiúla, nó ó na gairis stórála áitiúla isteach sna cuntais íocaíochta sa euro digiteach. Áirítear leis sin aitheantóir na ngaireas stórála áitiúil a shannann soláthraithe seirbhísí íocaíochta d’úsáideoir den euro digiteach a shealbhaíonn an euro digiteach as líne. Ba cheart an leibhéal príobháideachais sin a bheith inchomparáide le haistarraingtí nótaí bainc ag uathmheaisíní bainc nuair a dhéanann soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí	(75) Is éard atá in idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne íocaíochtaí a tharlaíonn i ndlúthghaireacht fhisiceach (‘duine le duine’). Tá cosúlachtaí idir iad agus idirbhearta airgid thirim agus ba cheart déileáil leo ar an mbealach céanna ó thaobh príobháideachais de. ***Ar an gcaoi sin, tá sé ríthábhachtach nach mbeidh cruthú an euro dhigitigh as líne ina chúis le rianú nó rialú a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear é i gcomparáid le hairgead tirim.*** Dá bhrí sin, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a bhaineann le hidirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne a phróiseáil, ach níor cheart dóibh ach sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le euro digiteach a thaisceadh nó a aistarraingt ó chuntais íocaíochta sa euro digiteach chun iad a luchtú ar na gairis stórála áitiúla, nó ó na gairis stórála áitiúla isteach sna cuntais íocaíochta sa euro digiteach. Áirítear leis sin aitheantóir na ngaireas stórála áitiúil a shannann soláthraithe seirbhísí íocaíochta d’úsáideoir den euro digiteach a shealbhaíonn an euro digiteach as líne. Ba

pearsanta a phróiseáil a bhaineann le céannacht úsáideora agus sonraí a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh idirbhearta cistithe agus díchistithe. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon fhaireachán a dhéanamh ar shonraí idirbhirt le haghaidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne.

cheart an leibhéal príobháideachais sin a bheith inchomparáide le haistarraingtí nótaí bainc ag uathmheaisíní bainc nuair a dhéanann soláthraithe seirbhísí íocaíochta sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaineann le céannacht úsáideora agus sonraí a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh idirbhearta cistithe agus díchistithe. Ciallaíonn sé sin nár cheart aon fhaireachán a dhéanamh ar shonraí idirbhirt le haghaidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 76

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(76) Féadfaidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus na bainc ceannais náisiúnta sonraí pearsanta a phróiseáil a mhéid is gá chun cúraimí atá riachtanach d'fheidhmiú cuí an euro dhigitigh a chomhlíonadh. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, is cúraimí ar mhaithe le leas an phobail iad próiseáil sonraí pearsanta chun críocha idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a shocrú agus chun críocha slándála agus sláine bhonneagar an euro dhigitigh, ar cúraimí iad atá fíor-riachtanach chun cosaint a thabhairt do shaoránaigh a úsáideann an euro digiteach agus do chobhsaíocht agus sláine chóras airgeadais an Aontais. Áirítear ar an gcúram slándáil agus sláine an bhonneagair dhigitigh euro a chothabháil gníomhaíochtaí a bhaineann le cobhsaíocht agus athléimneacht oibríochtúil an euro dhigitigh a áirithiú. Is iad an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc ceannais náisiúnta a bheidh ina rialaitheoirí sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann leis na cúraimí sin. Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc ceannais náisiúnta sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh na gcúraimí sin trí úsáid a bhaint as bearta úrscothacha	(76) Féadfaidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus na bainc ceannais náisiúnta sonraí pearsanta a phróiseáil a mhéid is gá chun cúraimí atá riachtanach d'fheidhmiú cuí an euro dhigitigh a chomhlíonadh. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, is cúraimí ar mhaithe le leas an phobail iad próiseáil sonraí pearsanta chun críocha idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a shocrú agus chun críocha slándála agus sláine bhonneagar an euro dhigitigh, ar cúraimí iad atá fíor-riachtanach chun cosaint a thabhairt do shaoránaigh a úsáideann an euro digiteach agus do chobhsaíocht agus sláine chóras airgeadais an Aontais. ***Dá bhrí sin, déantar foráil maidir leis an mbunús dlí le sonraí pearsanta a phróiseáil in Airteagal 6(1)(e) de Rialachán (AE) 2016/679 do bhainc náisiúnta agus in Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 don Bhanc Ceannais Eorpach.*** Áirítear ar an gcúram slándáil agus sláine an bhonneagair dhigitigh euro a chothabháil gníomhaíochtaí a bhaineann le cobhsaíocht agus athléimneacht oibríochtúil an euro dhigitigh a áirithiú. Is iad an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc ceannais

slándála agus caomhnaithe príobháideachais, amhail bréagainmniú nó criptiú, chun a áirithiú nach féidir sonraí a úsáid chun úsáideoir sonrach den euro digiteach a shainaithint go díreach.	náisiúnta a bheidh ina rialaitheoirí sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann leis na cúraimí sin. Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc ceannais náisiúnta sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh na gcúraimí sin trí úsáid a bhaint as bearta úrscothacha slándála agus caomhnaithe príobháideachais, amhail bréagainmniú nó criptiú, chun a áirithiú nach féidir sonraí a úsáid chun úsáideoir sonrach den euro digiteach a shainaithint go díreach.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 77

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(77) Chun na teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go ndéanfar cuntais íocaíochta sa euro digiteach a mhalartú go heisceachtúil i gcásanna éigeandála arna iarraidh sin don úsáideoir den euro digiteach, tá gá le pointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideora den euro digiteach agus leis na teorainneacha gaolmhara maidir le sealbhú an euro dhigitigh chun feidhmiú éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú ar fud an limistéir euro ar fad, toisc go bhféadfadh cuntais sa euro digiteach a bheith ag úsáideoirí den euro digiteach i mBallstáit éagsúla. Agus an pointe rochtana aonair á bhunú, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta a áirithiú go n-íoslaghdófar próiseáil sonraí pearsanta chuig an méid atá fíor-riachtanach agus go bhfuil cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú leabaithe. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta breithniú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus chun an riosca a bhaineann le sáruithe ar shonraí a íoslaghdú, ar stóráil dhíláraithe sonraí a úsáid.	(77) Chun na teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go ndéanfar cuntais íocaíochta sa euro digiteach a mhalartú go heisceachtúil i gcásanna éigeandála arna iarraidh sin don úsáideoir den euro digiteach, tá gá le pointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideora den euro digiteach agus leis na teorainneacha gaolmhara maidir le sealbhú an euro dhigitigh chun feidhmiú éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú ar fud an limistéir euro ar fad, toisc go bhféadfadh cuntais sa euro digiteach a bheith ag úsáideoirí den euro digiteach i mBallstáit éagsúla. Agus an pointe rochtana aonair á bhunú, ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta a áirithiú go n-íoslaghdófar próiseáil sonraí pearsanta chuig an méid atá fíor-riachtanach ***agus comhréireach*** agus go bhfuil cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú leabaithe. Ba cheart don Bhanc Ceannais Eorpach agus do na bainc ceannais náisiúnta breithniú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí agus chun an riosca a bhaineann le sáruithe ar shonraí a íoslaghdú, ar stóráil dhíláraithe sonraí a úsáid. ***Féadfaidh siad breithniú a dhéanamh ar bhearta a ghlacadh freisin***

chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí iarmhéideanna cuntais a fhuascailt go díreach trí chód cúltaca a úsáid.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 78

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(78) Lena phacáiste maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 21 Iúil 2021[38], (‘pacáiste AML’), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na rialacha i gcoinne sciúradh airgid (‘AML’) a neartú go mór ar fud an Aontais. I gcomhréir leis an gcuspóir sin agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach cheanglais AML/CFT a áirithiú maidir leis an euro digiteach, ba cheart a fhoráil leis an Rialachán seo go mbeidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne faoi réir cheanglais AML/CFT, ceanglais a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/849.	(78) Lena phacáiste maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 21 Iúil 2021[38], (‘pacáiste AML’), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na rialacha i gcoinne sciúradh airgid ***agus um maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac*** (‘AML’) a neartú go mór ar fud an Aontais. I gcomhréir leis an gcuspóir sin agus chun cur i bhfeidhm éifeachtach cheanglais AML/CFT a áirithiú maidir leis an euro digiteach, ba cheart a fhoráil leis an Rialachán seo go mbeidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne faoi réir cheanglais AML/CFT, ceanglais a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/849.
[38] Togra le haghaidh Rialachán maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (COM/2021/420 final); Togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear na sásraí ar cheart do na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm chun úsáid an chórais airgeadais chun críoch ML/TF a chosc, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (COM(2021) 423 final); Togra le haghaidh Rialachán lena gcruthaítear Údarás de chuid an Aontais um fhrithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (‘ÚFA’) COM/2021/421 final); agus Togra le haghaidh athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847 lena leathnaítear ceanglais inrianaitheachta chuig criptea-	[38] Togra le haghaidh Rialachán maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc (COM/2021/420 final); Togra le haghaidh Treoir lena mbunaítear na sásraí ar cheart do na Ballstáit iad a chur i bhfeidhm chun úsáid an chórais airgeadais chun críoch ML/TF a chosc, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/849 (COM(2021) 423 final); Togra le haghaidh Rialachán lena gcruthaítear Údarás de chuid an Aontais um fhrithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (‘ÚFA’) COM/2021/421 final); agus Togra le haghaidh athmhúnlú Rialachán (AE) 2015/847 lena leathnaítear ceanglais inrianaitheachta chuig criptea-

shócmhainní (COM/2021/422 final)	shócmhainní (COM/2021/422 final)

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 79

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(79) Chun glacadh forleathan an euro dhigitigh a éascú, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh úsáideoirí ionchasacha den euro digiteach in ann rochtain éasca a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar bhealach comhchuibhithe ar fud an limistéir euro. Is iomchuí, dá bhrí sin, gan aon dochar don chur chuige riosca atá mar bhonn ***agus mar thaca ag an bpacáiste*** AML, d'údarás ***sciúrtha*** airgid an Aontais ('ÚFA') aghaidh a thabhairt ar oscailt cuntas ***íocaíochta sa*** euro ***digiteach*** ina Chaighdeáin Theicniúla Rialála maidir le dícheall cuí custaiméara. I gcás idirbhearta nó caidrimh ghnó a mbaineann riosca íseal leo, ba cheart do ÚFA bearta díchill chuí simplithe ábhartha a shainaithint ar cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta iad a chur i bhfeidhm. Ba cheart do ÚFA tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gCaighdeán Teicniúil Rialála sin.	(79) Chun glacadh forleathan an euro dhigitigh a éascú, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh úsáideoirí ionchasacha den euro digiteach in ann rochtain éasca a fháil ar sheirbhísí íocaíochta sa euro digiteach arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta ar bhealach comhchuibhithe ar fud an limistéir euro. Is iomchuí, dá bhrí sin, gan aon dochar don chur chuige riosca atá mar bhonn ***taca don phacáiste reachtach*** AML, d'Údarás ***um Fhrithsciúradh Airgid*** Airgid an Aontais ('ÚFA') aghaidh a thabhairt ar oscailt cuntas ***digiteach íocaíochta*** euro ina Chaighdeáin Theicniúla Rialála maidir le dícheall cuí custaiméara ***a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán AML [Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta]***. I gcás idirbhearta nó caidrimh ghnó a mbaineann riosca íseal leo, ba cheart do ÚFA bearta díchill chuí simplithe ábhartha a shainaithint ar cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta iad a chur i bhfeidhm. Ba cheart do ÚFA tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt na gCaighdeán Teicniúil Rialála sin.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ciallaíonn ‘cuntas íocaíochta sa euro digiteach’ cuntas atá ag úsáideoir amháin nó níos mó den euro digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta chun rochtain a fháil ar an euro digiteach arna thaifeadadh i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh nó i ngaireas ***euro dhigitigh as líne*** agus chun idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh nó a fháil, bíodh sin as líne nó ar líne, agus gan beann ar struchtúr teicneolaíochta agus sonraí;	5. ciallaíonn ‘cuntas íocaíochta sa euro digiteach’ cuntas atá ag úsáideoir amháin nó níos mó den euro digiteach le soláthraí seirbhísí íocaíochta chun rochtain a fháil ar an euro digiteach arna thaifeadadh i mbonneagar socraíochta an euro dhigitigh nó i ngaireas ***stórála áitiúil*** agus chun idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh nó a fháil, bíodh sin as líne nó ar líne, agus gan beann ar struchtúr teicneolaíochta agus sonraí;

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
28. ciallaíonn ‘ailias úsáideora’ aitheantóir uathúil ***bréagainmnithe*** a úsáidtear chun céannacht úsáideora a chosaint agus íocaíochtaí sa euro digiteach á bpróiseáil nach féidir ach an soláthraí seirbhísí íocaíochta ***a dháileann an euro digiteach*** nó an t-úsáideoir den euro digiteach a chur i leith duine nádúrtha nó dlítheanach inaitheanta;	28. ciallaíonn ‘ailias úsáideora’ aitheantóir ***bréagainmnithe atá comhdhéanta d’uimhir*** uathúil ***an chuntais sa euro digiteach agus, arna iarraidh sin don úsáideoir euro digiteach, a dhéanann cuntas íocaíochta sa euro digiteach a shainaithint gan débhrí agus*** a úsáidtear chun céannacht úsáideora a chosaint agus íocaíochtaí sa euro digiteach á bpróiseáil nach féidir ach an soláthraí seirbhísí íocaíochta nó an t-úsáideoir den euro digiteach a chur i leith duine nádúrtha nó dlítheanach inaitheanta;

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
31. ciallaíonn ‘gaireas móibíleach’ gaireas a chuireann é ar a gcumas d’úsáideoirí den euro digiteach idirbhearta	31. ciallaíonn ‘gaireas móibíleach’ ***teirminéal íocaíochta nó*** gaireas a chuireann é ar a gcumas d’úsáideoirí den

íocaíochta sa euro digiteach a údarú ar líne nó as líne, lena n-áirítear go háirithe fóin chliste, táibléid, uaireadóirí cliste agus gach cineál gairis inchaite.	euro digiteach idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a údarú ***ar bhealach sábháilte*** ar líne nó as líne, lena n-áirítear go háirithe fóin chliste, táibléid, uaireadóirí cliste agus gach cineál gairis inchaite***, chomh maith le cártaí agus méaróga ina bhfuil gaireas stórála áitiúil, ach gan a bheith teoranta dóibh***.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	31 a. ciallaíonn 'gaireas stórála áitiúil' gaireas móibíleach nó teirminéal íocaíochta a úsáideann íocaí ina ndéantar idirbhearta as líne sa euro digiteach a údarú agus a shocrú.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Rialófar an euro digiteach le forálacha an Rialacháin seo, arna bhforlíonadh leis na gníomhartha tarmligthe a dtugtar de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh de bhun Airteagail 11, 33, 34, 35 agus 38, agus leis na gníomhartha cur chun feidhme a dtugtar de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh de bhun Airteagal 37.	1. Rialófar an euro digiteach le forálacha an Rialacháin seo, arna bhforlíonadh leis na gníomhartha tarmligthe a dtugtar de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh de bhun Airteagail 11, 33, 34, 35 agus 38, agus leis na gníomhartha cur chun feidhme a dtugtar de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh de bhun Airteagal 37. ***Agus gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme á ndréachtú aige de bhun Airteagail a luaitear sa mhír seo, cuirfidh an Coimisiún prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú chun feidhme go hiomlán, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679.***

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, rialófar an euro digiteach freisin leis na bearta, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a chuid inniúlachtaí féin. I gcás ina mbeidh tionchar ag na bearta, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe sin ar chosaint chearta agus shaoirse na ndaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta, rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula nglacfar iad.	2. Faoi chuimsiú an Rialacháin seo, rialófar an euro digiteach freisin leis na bearta, rialacha agus caighdeáin mhionsonraithe a fhéadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a ghlacadh de bhun a chuid inniúlachtaí féin. I gcás ina mbeidh tionchar ag na bearta, na rialacha agus na caighdeáin mhionsonraithe sin ar ***phríobháideachas agus*** cosaint chearta agus ***shaoirsí*** na ndaoine aonair maidir le próiseáil ***a gcuid*** sonraí pearsanta, rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula nglacfar iad. ***Leis na bearta, na rialacha agus na caighdeáin mhionsonraithe sin, cuirfear prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú chun feidhme, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, agus cuirfear teicneolaíochtaí cosanta príobháideachais chun feidhme, i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil.***

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Le Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna hionadú ag Treoir (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-	2. Le Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, arna hionadú ag Treoir (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta agus seirbhísí ríomh-

airgid sa mhargadh inmheánach - COM/2023/366 final], rialófar an mhaoirseacht a dhéanfaidh údaráis inniúla, an córas smachtbhannaí agus na socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach, maidir le Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta a bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí de bhun Chaibidlí IV, V, VI agus VII den Rialachán seo.	airgid sa mhargadh inmheánach - COM/2023/366 final] ***agus Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 1093/2010 - COM(2023) 367 final]***, rialófar an mhaoirseacht a dhéanfaidh údaráis inniúla, an córas smachtbhannaí agus na socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach, maidir le Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta a bheith ag comhlíonadh a n-oibleagáidí de bhun Chaibidlí IV, V, VI agus VII den Rialachán seo.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2 a. Le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725, rialófar maoirseacht na n-údarás inniúil, an córas smachtbhannaí agus na socruithe maoirseachta idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach, maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí ag rialaitheoirí sonraí de bhun Chaibidil VIII den Rialachán seo.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i gcás inar fiontar é an t-íocaí a fhostaíonn níos lú ná deichniúr nó nach mó ná EUR 2 mhilliún a láimhdeachas bliantúil nó iomlán a chláir chomhardaithe bhliantúil, nó más eintiteas dlítheanach	(a) i gcás inar fiontar é an t-íocaí a fhostaíonn níos lú ná ***50 duine*** nó nach mó ná EUR 2 mhilliún a láimhdeachas bliantúil nó iomlán a chláir chomhardaithe bhliantúil, nó más eintiteas dlítheanach

neamhbhrabúsach é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] , mura nglacann sé le híocaíocht inchomparáide trí mhodhanna digiteacha;	neamhbhrabúsach é mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mura nglacann sé le híocaíocht inchomparáide trí mhodhanna digiteacha;
[44] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).	[44] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir leis na húsáideoirí den euro digiteach dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c), féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach srian ama a chur ar an rochtain atá acu ar an euro digiteach agus an úsáid a mbaineann siad as faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16(2). Cinnfear na tréimhsí sin i ndáil le stádas cónaithe nó stádas cuairte na n-úsáideoirí den euro digiteach.	Maidir leis na húsáideoirí den euro digiteach dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c), féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach srian ama a chur***, d'fhonn cuspóirí a bheartais airgeadaíochta a chosaint,*** ar an rochtain atá acu ar an euro digiteach agus an úsáid a mbaineann siad as faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 16(2). Cinnfear na tréimhsí sin i ndáil le stádas cónaithe nó stádas cuairte na n-úsáideoirí den euro digiteach.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 4 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críoch phointí (a) agus (b), agus tar	Chun críoch phointí (a) agus (b), agus tar

éis formheas a fháil roimh ré ó úsáideoirí den euro digiteach, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta gach cuntas íocaíochta sa euro digiteach a nascadh le cuntas íocaíochta aonair sa euro neamhdhigiteach arna ainmniú ag na húsáideoirí den euro digiteach. Ceadófar d'úsáideoirí den euro digiteach an cuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach ainmnithe sin a bheith acu le soláthraí seirbhísí íocaíochta nach ionann é agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta ina bhfuil cuntas íocaíochta sa euro digiteach ar leith i seilbh.

éis ***cead*** a fháil roimh ré ó úsáideoirí den euro digiteach, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta gach cuntas íocaíochta sa euro digiteach a nascadh le cuntas íocaíochta aonair sa euro neamhdhigiteach arna ainmniú ag na húsáideoirí den euro digiteach. Ceadófar d'úsáideoirí den euro digiteach an cuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach ainmnithe sin a bheith acu le soláthraí seirbhísí íocaíochta nach ionann é agus an soláthraí seirbhísí íocaíochta ina bhfuil cuntas íocaíochta sa euro digiteach ar leith i seilbh.

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 a. I gcás ina rachaidh soláthraí seirbhíse íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach i mbun imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí comhchosúla eile, ní dhéanfar difear do ghabháltais sa euro digiteach atá ag úsáideoirí den euro digiteach.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar do na daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(a) nach bhfuil cuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach ina seilbh acu nó nach mian leo ceann a bheith ina seilbh acu;	(a) bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar do na daoine nádúrtha;

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bunseirbhísí íocaíochta digití a sholáthar agus tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach a sholáthar aghaidh ar aghaidh i ngaireacht fhisiceach do dhaoine faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu, agus do dhaoine scothaosta.	(b) bunseirbhísí íocaíochta digití a sholáthar agus tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach a sholáthar aghaidh ar aghaidh i ngaireacht fhisiceach do ***gach úsáideoir, agus aird ar leith á tabhairt ar*** dhaoine faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu, agus do dhaoine scothaosta.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh úsáideoirí uile den euro digiteach rochtain leordhóthanach agus éifeachtach ar na heintitis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, le hardleibhéal tacaíochta agus seirbhísí atá curtha in oiriúint go háirithe do riachtanais shonracha tomhaltóirí leochaileacha.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach do dhaoine faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu, agus do dhaoine scothaosta. Gan dochar do mhír 3, pointe (b), is éard a bheidh sa	4. Soláthróidh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach do dhaoine faoi mhíchumas, daoine le teorannú cumais nó daoine a bhfuil scileanna digiteacha teoranta acu, agus do dhaoine scothaosta. Gan dochar do mhír 3, pointe (b), is éard a bheidh sa

tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach cúnamh tiomnaithe ar mhaithe le hionduchtú go cuntas sa euro digiteach agus úsáid a bhaint as na bunseirbhísí sa euro digiteach uile.	tacaíocht ar mhaithe leis an gcuimsiú digiteach cúnamh tiomnaithe ar mhaithe le hionduchtú go cuntas sa euro digiteach agus úsáid a bhaint as na bunseirbhísí sa euro digiteach uile. ***Cuirfear an tacaíocht don chuimsiú digiteach ar fáil saor in aisce mar chuid de na seirbhísí bunúsacha sa euro digiteach.***

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfaidh an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (‘ÚFA’) arna bhunú faoi Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt - togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (‘ÚFA’) - COM/2021/421 final)] agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach treoirlínte a eisiúint go comhpháirteach lena sonrófar an idirghníomhaíocht idir ceanglais AML/CFT agus soláthar bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach agus béim ar leith ar chuimsiú airgeadais grúpaí leochaileacha lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta, daoine aonair nach bhfuil aon seoladh seasta acu nó náisiúnaigh tríú tíortha nach ndeonaítear cead cónaithe dóibh ach nach féidir iad a dhíbirt ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha.	5. Déanfaidh an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid (‘ÚFA’) arna bhunú faoi Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt - togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (‘ÚFA’) - COM/2021/421 final)] agus an tÚdarás Baincéireachta Eorpach treoirlínte a eisiúint go comhpháirteach lena sonrófar an idirghníomhaíocht idir ceanglais AML/CFT agus soláthar bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach agus béim ar leith ar chuimsiú airgeadais grúpaí leochaileacha lena n-áirítear iarrthóirí tearmainn nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta, daoine aonair nach bhfuil aon seoladh seasta acu nó náisiúnaigh tríú tíortha nach ndeonaítear cead cónaithe dóibh ach nach féidir iad a dhíbirt ar chúiseanna dlíthiúla nó fíorasacha.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críoch Airteagal 15(1),	1. Chun críoch Airteagal 15(1)***, má***

forbróidh an Banc Ceannais Eorpach ionstraimí chun teorainn a chur le húsáid an euro dhigitigh mar stór luacha agus déanfaidh sé cinneadh maidir lena bparaiméadair agus lena n-úsáid, i gcomhréir leis an gcreat a leagtar amach san Airteagal seo. Maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta riarthóra cuntais de réir bhrí Threoir 2015/2366 do na daoine nádúrtha agus dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), cuirfidh siad na teorainneacha sin i bhfeidhm maidir le cuntais íocaíochta sa euro digiteach.	***bhunaítear teorainneacha***, forbróidh an Banc Ceannais Eorpach ionstraimí chun teorainn a chur le húsáid an euro dhigitigh mar stór luacha agus déanfaidh sé cinneadh maidir lena bparaiméadair agus lena n-úsáid, i gcomhréir leis an gcreat a leagtar amach san Airteagal seo. Maidir le soláthraithe seirbhísí íocaíochta a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta riarthóra cuntais de réir bhrí Threoir 2015/2366 do na daoine nádúrtha agus dlítheanacha dá dtagraítear in Airteagal 12(1), cuirfidh siad na teorainneacha sin i bhfeidhm maidir le cuntais íocaíochta sa euro digiteach.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) Treochtaí agus rioscaí comhaimseartha a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a léiriú.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Beidh feidhm ag aon teorainn sealúchais ar chuntais íocaíochta sa euro digiteach arna ghlacadh de bhun mhír 1 maidir le sealúchais as líne agus ar líne araon. I gcás ina n-úsáidfidh úsáideoir den euro digiteach euro digiteach as líne agus ar líne araon, beidh an teorainn a bhfuil feidhm aici maidir le euro digiteach ar líne cothrom leis an teorainn fhoriomlán arna cinneadh ag an mBanc Ceannais Eorpach lúide an teorainn sealúchais le haghaidh an euro dhigitigh as líne arna socrú ag	4. Beidh feidhm ag aon teorainn sealúchais ar chuntais íocaíochta sa euro digiteach arna ghlacadh de bhun mhír 1 maidir le sealúchais as líne agus ar líne araon. I gcás ina n-úsáidfidh úsáideoir den euro digiteach euro digiteach as líne agus ar líne araon, beidh an teorainn a bhfuil feidhm aici maidir le euro digiteach ar líne cothrom leis an teorainn fhoriomlán arna cinneadh ag an mBanc Ceannais Eorpach lúide an teorainn sealúchais le haghaidh an euro dhigitigh as líne arna socrú ag

úsáideoirí den euro digiteach. Féadfaidh úsáideoir den euro digiteach a theorainn sealúchais as líne a shocrú ag méid ar bith idir nialas agus an teorainn sealúchais arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 37.	úsáideoirí den euro digiteach. Féadfaidh úsáideoir den euro digiteach a theorainn sealúchais as líne a shocrú ag méid ar bith idir nialas agus an teorainn sealúchais arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 37. ***Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach breithniú a dhéanamh ar theorainneacha a thabhairt isteach leis an euro digiteach ar líne agus as líne a bheadh neamhspleách ar a chéile freisin, agus é mar aidhm príobháideacht úsáideoirí den euro digiteach as líne a chosaint a mhéid is féidir.***

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis uile is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm a sholáthar agus comhlíonadh an Airteagail seo a fhíorú. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta aon fhaisnéis a iarrfar a sheoladh laistigh den teorainn ama a leagfaidh an Banc Ceannais Eorpach síos. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a cheangal go ndeimhneoidh iniúchóir neamhspleách an fhaisnéis sin.	4. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis uile is gá chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm a sholáthar agus comhlíonadh an Airteagail seo a fhíorú. ***I gcás ina mbaineann an fhaisnéis sin le sonraí pearsanta, ní éileoidh an Banc Ceannais Eorpach ach na sonraí a bhfuil fíorghá leo chun críocha na próiseála, agus le cur chun feidhme iomlán phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí.*** Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta aon fhaisnéis a iarrfar a sheoladh laistigh den teorainn ama a leagfaidh an Banc Ceannais Eorpach síos. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach a cheangal go ndeimhneoidh iniúchóir neamhspleách an fhaisnéis sin. ***nó.***

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an euro digiteach a dháileadh ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe i mBallstát nach é an euro digiteach an t-airgeadra atá aige ach amháin má tá socrú chuige sin sínithe ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit sin.	1. Ní fhéadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an euro digiteach a dháileadh ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe i mBallstát nach é an euro digiteach an t-airgeadra atá aige ach amháin má tá socrú chuige sin sínithe ag an mBanc Ceannais Eorpach agus ag banc ceannais náisiúnta an Bhallstáit sin. ***Faoi shocrú den sórt sin, gheobhaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha atá ina gcónaí nó atá bunaithe sa Bhallstát sin ar mian leo a bheith ina n-úsáideoirí den euro digiteach na coinníollacha agus na deiseanna céanna maidir le húsáid an euro dhigitigh agus a gheobhaidh úsáideoirí den euro digiteach sna Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, gan dochar do shaincheart an Bhainc Cheannais Eorpaigh cuspóirí a bheartais airgeadaíochta a choimirciú.***

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Sonrófar sa chomhaontú dá dtagraítear i mír 1 na bearta agus nósanna imeachta cur chun feidhme is gá, agus na cásanna ina bhféadfar an comhaontú a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.	3. Sonrófar sa ***socrú*** dá dtagraítear i mír 1 na bearta agus nósanna imeachta cur chun feidhme is gá, agus na cásanna ina bhféadfar an ***socrú*** a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Soláthróidh an Banc Ceannais Eorpach faisnéis agus cúnamh ábhartha do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu d'fhonn síniú na socruithe a luaitear i mír 1 a éascú. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún tabhairt faoi eagrú feachtas faisnéise a mbeidh sé d'aidhm acu na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu a chur ar an eolas faoi shaintréithe éagsúla an euro dhigitigh, lena n-áirítear na tairbhí a bhaineann lena úsáid mar aon leis na gnéithe dá chuid a bhaineann le cearta agus saoirsí bunúsacha a chosaint agus a fheidhmiú.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Sonrófar sa chomhaontú idir an tAontas agus an tríú tír na bearta agus nósanna imeachta cur chun feidhme is gá, agus na cásanna ina bhféadfar an comhaontú a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go háirithe i gcás inar sainaithníodh an tríú tír mar thríú tír a bhfuil easnaimh straitéiseacha mhóra aici ina córas náisiúnta chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/420 final] nó mar thríú tír a bhfuil laigí comhlíontachta aici ina córas náisiúnta chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a	3. Sonrófar sa chomhaontú idir an tAontas agus an tríú tír na bearta agus nósanna imeachta cur chun feidhme is gá, agus na cásanna ina bhféadfar an comhaontú a shrianadh, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, go háirithe i gcás inar sainaithníodh an tríú tír mar thríú tír a bhfuil easnaimh straitéiseacha mhóra aici ina córas náisiúnta chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/420 final] nó mar thríú tír a bhfuil laigí comhlíontachta aici ina córas náisiúnta chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a

Chomhrac - COM/2021/420 final]. Déanfar an comhaontú sin a chomhlánú le socrú idir an Banc Ceannais Eorpach agus banc ceannais náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, údarás inniúil náisiúnta an tríú tír.	Chomhrac - COM/2021/420 final] ***nó mar thríú tír a chruthaíonn bagairt shonrach agus thromchúiseach ar chóras airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 25 de Rialachán [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán maidir leis an Sciúradh Airgid a Chomhrac - COM/2021/420 final]***. Déanfar an comhaontú sin a chomhlánú le socrú idir an Banc Ceannais Eorpach agus banc ceannais náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, údarás inniúil náisiúnta an tríú tír.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhar le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá acu chun íocaíochtaí idir-inoibritheacha a chumasú idir an euro digiteach agus airgeadraí eile.	2. Rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhar ***go gníomhach*** le bainc cheannais náisiúnta na mBallstát nach é an euro an t-airgeadra atá acu chun íocaíochtaí idir-inoibritheacha a chumasú idir an euro digiteach agus airgeadraí eile.

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Agus iad ag gabháil do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta chun seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar, ní cheanglófar ar úsáideoirí den euro digiteach cuntais íocaíochta sa euro neamhdhigiteach a bheith acu ná a oscailt ná glacadh le táirgí eile sa euro neamhdhigiteach.	2. Agus iad ag gabháil do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta chun seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach a sholáthar***, dá dtagraítear in Airteagal 14(3) den Rialachán seo***, ní cheanglófar ar úsáideoirí den euro digiteach cuntais íocaíochta sa euro neamhdhigiteach a bheith acu ná a oscailt ná glacadh le táirgí eile sa euro neamhdhigiteach.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Sula dtionscnófar idirbheart íocaíochta sa euro digiteach mar chuid d'íocaíocht éadadhaill, ***cuirfear*** an t-íocaí agus an t-íocóir ***ar an eolas faoi*** cé acu as líne nó ar líne a bheidh an t-idirbheart íocaíochta sa euro digiteach.	3. Sula dtionscnófar idirbheart íocaíochta sa euro digiteach mar chuid d'íocaíocht éadadhaill, ***comhaontóidh*** an t-íocaí agus an t-íocóir ***i dtaobh*** cé acu as líne nó ar líne a bheidh an t-idirbheart íocaíochta sa euro digiteach.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh seirbhísí tosaigh idir-inoibritheach le Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó comhtháite iontu.	1. ***I gcás ina gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse íocaíochta leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais úsáid a bhaint as fíordheimhniú láidir custaiméara, glacfaidh siad freisin, ar bhealach inrochtana agus neamh-idirdhealaitheach, le húsáid Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí. Chun na críche céanna, áiritheofar idir-inoibritheacht idir seirbhísí tosaigh, mar a shainmhínítear i mír 20 d'Airteagal 2 den Rialachán seo, agus Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí.***

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féachfaidh an Banc Ceannais Eorpach lena áirithiú a mhéid is féidir idir-inoibritheacht na gcaighdeán lena rialaítear seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach le caighdeáin	Féachfaidh an Banc Ceannais Eorpach lena áirithiú a mhéid is féidir idir-inoibritheacht na gcaighdeán lena rialaítear seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach le caighdeáin

ábhartha lena rialaítear íocaíocht phríobháideach trí mhodhanna digiteacha. Féachfaidh an Banc Ceannais Eorpach a chumasú, a mhéid is féidir agus i gcás inarb iomchuí, go mbainfidh íocaíocht phríobháideach trí mhodhanna digiteacha úsáid as rialacha, caighdeáin agus próisis lena rialaítear na seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach.

ábhartha lena rialaítear íocaíocht phríobháideach trí mhodhanna digiteacha. Féachfaidh an Banc Ceannais Eorpach a chumasú ***agus a spreagadh***, a mhéid is féidir agus i gcás inarb iomchuí, go mbainfidh íocaíocht phríobháideach trí mhodhanna digiteacha úsáid as rialacha, caighdeáin agus próisis lena rialaítear na seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach***, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán phrionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679***.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Cuirfear an rochtain ar an sásra díospóide ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí den euro digiteach mar chuid de na seirbhísí bunúsacha sa euro digiteach.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne a shocrú go críochnaitheach tráth a dhéanfar taifid na sealúchas sa euro digiteach lena mbaineann a thabhairt cothrom le dáta i ngairis stórála áitiúla an íocóra agus an íocaí.	3. Déanfar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne a shocrú go críochnaitheach tráth a thaifeadfar sealúchais ***an íocóra agus an íocaí*** sa euro digiteach a thabhairt cothrom le dáta ***ina ngairis*** stórála áitiúla.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Déanfar an bonneagar socraíochta a fhorbairt i gcomhréir le prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, agus déanfar é a cheapadh ar bhealach nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc ceannais náisiúnta sonraí a shannadh d'úsáideoir den euro digiteach aitheanta nó inaitheanta.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta é ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach, arna iarraidh sin dóibh, a gcuntais íocaíochta sa euro digiteach a aistriú go soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile agus na haitheantóirí cuntais céanna á gcoinneáil acu an tráth céanna.	1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta é ar a gcumas d'úsáideoirí den euro digiteach, arna iarraidh sin dóibh, a gcuntais íocaíochta sa euro digiteach a aistriú ***saor in aisce*** go soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile agus na haitheantóirí cuntais céanna á gcoinneáil acu an tráth céanna.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach na cúraimí um chalaois a bhrath agus a chosc a dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta faoi Threoir 2015/2366 a éascú trí shásra ginearálta um chalaois a bhrath agus a chosc a bhunú le haghaidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne chun feidhmiú rianúil éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú. Féadfaidh an Banc	1. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach na cúraimí um chalaois a bhrath agus a chosc a dhéanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta faoi Threoir 2015/2366 a éascú trí shásra ginearálta um chalaois a bhrath agus a chosc a bhunú le haghaidh idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne chun feidhmiú rianúil éifeachtúil an euro dhigitigh a áirithiú***, agus coimircí***

Ceannais Eorpach nó na soláthraithe seirbhísí tacaíochta arna n-ainmniú ag an mBanc Ceannais Eorpach an sásra ginearálta sin um chalaois a bhrath agus a chosc a oibriú go díreach.	***riachtanacha a sholáthar ag an am céanna chun go gcomhlíonfaidh an phróiseáil prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta agus i ndáil le teorannú iomchuí stórála***. Féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach nó na soláthraithe seirbhísí tacaíochta arna n-ainmniú ag an mBanc Ceannais Eorpach an sásra ginearálta sin um chalaois a bhrath agus a chosc a oibriú go díreach.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí sula bhforbróidh sé na sonraí maidir le gnéithe oibríochtúla an tsásra um chalaois a bhrath agus a chosc.	2. Rachaidh an Banc Ceannais Eorpach i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ***agus leis an Údarás um Fhrithsciúradh Airgid*** sula bhforbróidh sé na sonraí maidir le gnéithe oibríochtúla an tsásra um chalaois a bhrath agus a chosc.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun críoch an Airteagail seo, soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn 5 don sásra um chalaois a bhrath agus a chosc. Déanfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach mbeidh an tseirbhís tacaíochta in ann úsáideoirí den euro digiteach a shainaithint go díreach ar	4. Chun críoch an Airteagail seo, soláthróidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn ***V*** don sásra um chalaois a bhrath agus a chosc. Déanfaidh ***na*** soláthraithe seirbhíse íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach mbeidh ***an Banc Ceannais Eorpach*** nó an tseirbhís tacaíochta in ann úsáideoirí den euro

bhonn na faisnéise arna soláthar don sásra um chalaois a bhrath agus a chosc.	digiteach a shainaithint go díreach ar bhonn na faisnéise arna soláthar don sásra um chalaois a bhrath agus a chosc. ***Agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla sin á gcur chun feidhme, cuirfidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus an Banc Ceannais Eorpach prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú san áireamh, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áiritheofar go ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith úsáideoir aonair den euro digiteach a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid.***

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gan dochar d'Airteagal 6, mír (7), de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828, ceadóidh monaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972[47] do sholáthraithe seirbhísí tosaigh agus do sholáthraithe Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí idir-inoibritheacht éifeachtach leis na gnéithe crua-earraí agus bogearraí, agus rochtain chun críoch idir-inoibritheachta orthu, ar gnéithe iad is gá chun sonraí a stóráil agus a aistriú chun idirbhearta sa euro digiteach ar líne nó as líne a phróiseáil, ar théarmaí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.	1. Gan dochar d'Airteagal 6, mír (7), de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828, ceadóidh monaróirí buntrealaimh gaireas móibíleach agus soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972 do sholáthraithe seirbhísí tosaigh agus do sholáthraithe Tiachóg Céannachta Digití Eorpaí***, a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) [cuir isteach tagairt – togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 910/2014 maidir le creat a bhunú le haghaidh Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach – COM(2021) 281 final],*** idir-inoibritheacht éifeachtach leis na gnéithe crua-earraí agus bogearraí, agus rochtain chun críoch idir-inoibritheachta orthu, ar gnéithe iad is gá

	chun sonraí a stóráil agus a aistriú chun idirbhearta sa euro digiteach ar líne nó as líne a phróiseáil, ar théarmaí cothroma, réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.
[47] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L, 17.12.2018, lch. 36).	[47] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L, 17.12.2018, lch. 36).

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanann soláthraithe ***seirbhísí*** íocaíochta ***cúram ar mhaithe le leas an phobail i gcás ina bpróiseálann siad sonraí pearsanta*** chun na gcríoch seo a leanas:	***Ní dhéanfaidh*** soláthraithe ***seirbhíse*** íocaíochta ***sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin*** chun na gcríoch seo a leanas:

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) teorainneacha a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear a fhíorú an bhfuil cuntais sa euro digiteach le soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile ag úsáideoirí den euro digiteach ionchasacha nó atá ann cheana, dá dtagraítear in Airteagal 16;	(a) teorainneacha a fhorfheidhmiú***, má bhunaítear iad i gcomhréir le hAirteagal 15 den Rialachán seo chomh maith le fíorú*** an bhfuil cuntais sa euro digiteach le soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile ag úsáideoirí den euro digiteach ionchasacha nó atá ann cheana, dá dtagraítear in Airteagal 16;

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) euro digiteach as líne a sholáthar, lena n-áirítear na gairis stórála áitiúla dá dtagraítear i litir (b) d'Iarscríbhinn I a chlárú agus a dhíchlárú;	(c) euro digiteach as líne a sholáthar ***chomh maith leis*** na gairis stórála áitiúla dá dtagraítear i litir (b) d'Iarscríbhinn I a chlárú agus a dhíchlárú;

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 (a) go (c), den Airteagal seo, leagtar síos in Iarscríbhinn III na cineálacha sonraí pearsanta.	2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 (a) go (c), den Airteagal seo, leagtar síos in Iarscríbhinn III na cineálacha sonraí pearsanta ***a fhéadfar a phróiseáil***. ***Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 (d) agus (e), tabharfar de chumhacht don Choimisiún na cineálacha sonraí pearsanta a fhéadfar a phróiseáil a shainiú, trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le mír 3.***

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun na cineálacha sonraí pearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn III a thabhairt cothrom le dáta.	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun na cineálacha sonraí pearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn III a thabhairt cothrom le dáta ***agus a shoiléiriú, agus liosta iomlán agus iata de shonraí pearsanta atá le próiseáil chun na críche sonraithe á choinneáil.***

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach bhféadfar úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach le haon sonraí a chuirfear in iúl don Bhanc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta ná do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta.	4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach bhféadfar úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach le haon sonraí a chuirfear in iúl don Bhanc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta ná do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta. ***Go háirithe, áiritheofar leis na bearta sin go gcuirfear sonraí pearsanta faoi ainm bréige ar bhealach nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc cheannais náisiúnta na sonraí sin a chur i leith úsáideoir aonair den euro digiteach a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid. Agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla sin á gcur chun feidhme acu, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, a chur chun feidhme***

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4 a. Tá an tAirteagal seo gan dochar do sheirbhísí breise arna bhforbairt agus arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta sa bhreis ar sheirbhísí bunúsacha íocaíochta sa euro digiteach agus atá faoi réir Threoir (AE) 2015/2366, a ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ina leith de bhun Airteagal 6(1)(a) nó (b) de Rialachán (AE)

2016/679.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanann an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta cúram ar mhaithe le leas an phobail nó údarás oifigiúil a fheidhmiú i gcás ina bpróiseálann siad sonraí pearsanta chun na gcríoch seo a leanas:	1. Déanann an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta cúram ar mhaithe le leas an phobail nó údarás oifigiúil a fheidhmiú***, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(e) de Rialachán 2016/679 nó Airteagal 5(1)(a) de Rialachán 2018/1725,*** i gcás ina bpróiseálann siad sonraí pearsanta chun na gcríoch seo a leanas:

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) slándáil agus sláine bhonneagar socraíochta an euro dhigitigh agus gaireas stórála áitiúla a chosaint;	(c) slándáil agus sláine bhonneagar socraíochta an euro dhigitigh a chosaint agus ***anailís ghóchumtha a dhéanamh ar ghaireas*** stórála áitiúla;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, leagtar síos in Iarscríbhinn IV na cineálacha sonraí pearsanta.	2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, leagtar síos in Iarscríbhinn IV na cineálacha sonraí pearsanta ***a fhéadfar a phróiseáil***.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun na cineálacha sonraí pearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a thabhairt cothrom le dáta.	3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun na cineálacha sonraí pearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn IV a thabhairt cothrom le dáta ***agus a shoiléiriú, agus liosta iomlán agus iata de shonraí pearsanta atá le próiseáil chun na críche sonraithe á choinneáil.***

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tacófar le sonraí pearsanta a phróiseáiltear le haghaidh cúraimí dá dtagraítear i mír 1 trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais. Áireofar leis sin deighilt shoiléir sonraí pearsanta chun a áirithiú nach bhféadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach.	4. Tacófar le sonraí pearsanta a phróiseáiltear le haghaidh cúraimí dá dtagraítear i mír 1 trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais. Áireofar leis sin deighilt shoiléir sonraí pearsanta chun a áirithiú nach bhféadfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus na bainc cheannais náisiúnta úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach. ***Go háirithe, áiritheofar leis na bearta sin go gcuirfear sonraí pearsanta faoi ainm bréige ar bhealach nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc cheannais náisiúnta na sonraí sin a chur i leith úsáideoir aonair den euro digiteach a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid. Agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla sin á gcur chun feidhme acu, déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais náisiúnta prionsabail na cosanta sonraí trí***

	dhearadh agus mar réamhshocrú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, a chur chun feidhme.

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Measfar gurb é an Banc Ceannais Eorpach an rialaitheoir sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 8 den Airteagal seo. Nuair a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach cúram dá dtagraítear i míreanna 1 agus 8 a chomhlíonadh go comhpháirteach leis na bainc cheannais náisiúnta, beidh siad ina rialaitheoirí comhpháirteacha le haghaidh an chúraim sin.	5. Measfar gurb é an Banc Ceannais Eorpach an rialaitheoir sonraí pearsanta a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 8 den Airteagal seo. Nuair a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach cúram dá dtagraítear i míreanna 1 agus 8 a chomhlíonadh go comhpháirteach leis na bainc cheannais náisiúnta, beidh siad ina rialaitheoirí comhpháirteacha le haghaidh an chúraim sin.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. I gcás ina gcinnfidh an Banc Ceannais Eorpach gan cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 32 a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach na cineálacha sonraí pearsanta dá dtagraítear in Iarscríbhinn 5 a phróiseáil faoi réir na gceanglas dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.	7. I gcás ina gcinnfidh an Banc Ceannais Eorpach gan cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 32 a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach na cineálacha sonraí pearsanta dá dtagraítear in Iarscríbhinn ***V*** a phróiseáil faoi réir na gceanglas dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Chun tacú leis an gcúram atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta na teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) agus an t-aistriú éigeandála arna iarraidh sin don úsáideoir i gcomhréir le hAirteagal 31(2) a áirithiú, féadfaidh BCE, ina aonar nó i gcomhpháirt le bainc cheannais náisiúnta, pointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideoirí den euro digiteach agus de na teorainneacha sealúchais sa euro digiteach gaolmhara dá dtagraítear i bpointe (4) d'Iarscríbhinn 4 a bhunú. Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach féidir céannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach a bhaint as an bhfaisnéis a gheobhaidh eintitis seachas soláthraithe seirbhísí íocaíochta arb é a gcustaiméir nó a gcustaiméir ionchasach an t-úsáideoir den euro digiteach tríd an bpointe rochtana aonair.	8. Chun tacú leis an gcúram atá ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta na teorainneacha sealúchais a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 16(1) agus an t-aistriú éigeandála arna iarraidh sin don úsáideoir i gcomhréir le hAirteagal 31(2) a áirithiú, féadfaidh BCE, ina aonar nó i gcomhpháirt le bainc cheannais náisiúnta, pointe rochtana aonair d'aitheantóirí úsáideoirí den euro digiteach agus de na teorainneacha sealúchais sa euro digiteach gaolmhara dá dtagraítear i bpointe (4) d'Iarscríbhinn 4 a bhunú. Déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach féidir céannacht úsáideoirí aonair den euro digiteach a bhaint as an bhfaisnéis a gheobhaidh eintitis seachas soláthraithe seirbhísí íocaíochta arb é a gcustaiméir nó a gcustaiméir ionchasach an t-úsáideoir den euro digiteach tríd an bpointe rochtana aonair. ***Agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla sin á gcur chun feidhme aige, déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, a chur chun feidhme.***

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina gcinnfidh an Banc Ceannais Eorpach cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 32 a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta, soláthróidh soláthraithe seirbhísí tacaíochta	1. I gcás ina gcinnfidh an Banc Ceannais Eorpach cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 27 agus 32 a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí tacaíochta, soláthróidh soláthraithe seirbhísí tacaíochta

seirbhísí a bhaineann le híocaíochtaí do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta. I gcás den sórt sin, ***déanann*** soláthraithe ***seirbhísí*** íocaíochta cúram ar mhaithe le leas an phobail i ***gcás ina bpróiseálann siad sonraí pearsanta chun*** na ***gcríoch*** seo a leanas:	seirbhísí a bhaineann le híocaíochtaí do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta. I gcás den sórt sin, ***ní dhéanfaidh*** soláthraithe ***seirbhíse*** íocaíochta ***sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin i gcás ina ndéanfaidh siad*** cúram ar mhaithe le leas an phobail***,*** i ***gcomhréir le hAirteagal 6(1)(e) de Rialachán 2016/679, atá teoranta do*** na ***críocha*** seo a leanas:

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, leagtar síos in Iarscríbhinn V na cineálacha sonraí pearsanta.	2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, leagtar síos in Iarscríbhinn V na cineálacha sonraí pearsanta ***a fhéadfar a phróiseáil***. ***Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1(b), tabharfar de chumhacht don Choimisiún sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha sonraí pearsanta a fhéadfaidh na soláthraithe seirbhísí tacaíochta a phróiseáil, trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le mír 3.***

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun na cineálacha sonraí pearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn V a thabhairt cothrom le dáta.	3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun na cineálacha sonraí pearsanta a liostaítear in Iarscríbhinn III a thabhairt cothrom le dáta ***agus a shoiléiriú, agus liosta iomlán agus iata de shonraí pearsanta atá le próiseáil chun na críche sonraithe á choinneáil.***

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 ach amháin nuair a dhéantar bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach féidir leis na soláthraithe seirbhísí tacaíochta úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach.	4. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 ach amháin nuair a dhéantar bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear bearta úrscothacha slándála agus bearta úrscothacha um chaomhnú príobháideachais, a chur chun feidhme chun a áirithiú nach féidir leis na soláthraithe seirbhísí tacaíochta úsáideoirí aonair den euro digiteach a shainaithint go díreach. ***Go háirithe, áiritheofar leis na bearta sin go gcuirfear sonraí pearsanta faoi ainm bréige ar bhealach nach féidir leis an mBanc Ceannais Eorpach ná leis na bainc cheannais náisiúnta na sonraí sin a chur i leith úsáideoir aonair den euro digiteach a thuilleadh gan faisnéis bhreise a úsáid. Agus na bearta teicniúla agus eagraíochtúla sin á gcur chun feidhme acu, déanfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679, a chur chun feidhme.***

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní ***choinneoidh*** soláthraithe seirbhísí ***íocaíochta*** ná ***na bainc cheannais Eorpacha ná*** na bainc cheannais náisiúnta sonraí idirbhirt.	2. Ní ***dhéanfaidh soláthraithe seirbhíse íocaíochta,*** soláthraithe seirbhísí ***tacaíochta*** ná ***an Banc Ceannais Eorpach agus*** na bainc cheannais náisiúnta sonraí idirbhirt***, arna nginiúint ag idirbheart íocaíochta laistigh de na teorainneacha próiseála a leagtar síos in Iarscríbhinn***

III, IV agus V, a phróiseáil.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena socraítear teorainneacha idirbheart agus teorainneacha sealúchais i ndáil le híocaíochtaí sa euro digiteach as líne. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 39.	5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh lena socraítear teorainneacha idirbheart agus teorainneacha sealúchais i ndáil le híocaíochtaí sa euro digiteach as líne. Déanfar na gníomhartha ***tarmligthe*** sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal ***38***.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear san áireamh sna teorainneacha idirbheart agus sealúchais an gá atá leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus, an tráth céanna, gan srian míchuí a chur ar úsáid an euro dhigitigh as líne mar mhodh íocaíochta. Agus na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 á dtarraingt suas ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an méid seo a leanas go háirithe san áireamh:	Cuirfear san áireamh sna teorainneacha idirbheart agus sealúchais an gá atá leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus, an tráth céanna, gan srian míchuí a chur ar úsáid an euro dhigitigh as líne mar mhodh íocaíochta. Agus na gníomhartha ***tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 5 á dtarraingt suas ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an méid seo a leanas go háirithe san áireamh:

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 6 – fomhír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) an cuspóir maidir le hionstraim íocaíochta a thabhairt isteach atá cosúil le hairgead tirim agus i ndáil leis sin lena gcaomhnaítear an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta agus príobháideachas a chosaint.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críocha phointe (a), ***féadfaidh*** an Coimisiún ***a iarraidh ar*** ÚFA ***tuairim*** a ***ghlacadh lena ndéanfar*** measúnú ar leibhéal na mbagairtí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an euro digiteach as líne agus lena leochaileachtaí. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.	Chun críocha phointe (a), ***rachaidh*** an Coimisiún ***i gcomhairle le*** ÚFA***,*** a ***dhéanfaidh*** measúnú ar leibhéal na mbagairtí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an euro digiteach as líne agus lena leochaileachtaí. Féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle ***freisin*** leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. ***Chun críocha phointe (d), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725.***

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 33, 34 agus 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 34, 35 agus ***36*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 33, 34 agus 35 a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 11, 34, 35 agus ***36*** a chúlghairm tráth ar bith. Leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe a bheidh i bhfeidhm cheana féin.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 11, ***33***, ***34*** agus ***35*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 1 mhí ó tugadh fógra faoin ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.	6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 11, ***34***, ***35*** agus ***36*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 1 mhí ó tugadh fógra faoin ngníomh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, nó, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is éard a bheidh i gceist le bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach le haghaidh daoine nádúrtha:	Is éard a bheidh i gceist le bunseirbhísí íocaíochta sa euro digiteach***, ar líne agus as líne araon,*** le haghaidh daoine nádúrtha:

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cuntas íocaíochta sa euro a oscailt, a choinneáil agus a dhúnadh;	(a) cuntas íocaíochta sa euro digiteach a oscailt, a choinneáil, a dhúnadh agus ***a aistriú***;

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cistiú agus díchistiú neamh-uathoibrithe ó chuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach;	(c) cistiú agus díchistiú ó chuntas íocaíochta sa euro neamhdhigiteach ***go cuntas sa euro digiteach***;

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh agus a fháil trí bhíthin ionstraim íocaíochta leictreonaí, agus gan sin a dhéanamh i gcás idirbhearta coinníollacha íocaíochta sa euro digiteach	(e) idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach a thionscnamh agus a fháil trí bhíthin ionstraim íocaíochta leictreonaí, agus gan sin a dhéanamh i gcás idirbhearta coinníollacha íocaíochta sa euro digiteach

seachas buanorduithe, sna cásanna úsáide seo a leanas:	seachas buanorduithe ***agus dochair dhíreacha***, sna cásanna úsáide seo a leanas:

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críoch phointe (a) d'Airteagal 34(1), beidh an phróiseáil teoranta don mhéid seo a leanas:	1. Chun críoch phointe (a) d'Airteagal 34(1), beidh ***próiseáil sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** don mhéid seo a leanas:

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach; lena n-áirítear faisnéis faoi shealúchais an úsáideora sa euro digiteach agus uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus	(iii) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach; ***a thuigtear mar (fhaisnéis*** faoi shealúchais an úsáideora sa euro digiteach agus uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 1 – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iv) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, lena n-áirítear aitheantóir an idirbhirt agus méid an idirbhirt.	(iv) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, ***a thuigtear mar*** aitheantóir an idirbhirt agus méid an idirbhirt.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun críoch phointe (b) d'Airteagal 34(1), beidh an phróiseáil teoranta don mhéid seo a leanas:	2. Chun críoch phointe (b) d'Airteagal 34(1), beidh ***próiseáil sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** don mhéid seo a leanas:

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 2 – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, lena n-áirítear uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus	(iii) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, ***a thuigtear mar*** uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 2 – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iv) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro neamhdhigiteach, lena n-áirítear uimhir chuntais an chuntais íocaíochta sa euro neamhdhigiteach nasctha.	(iv) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro neamhdhigiteach, ***a thuigtear mar*** uimhir chuntais an chuntais íocaíochta sa euro neamhdhigiteach nasctha.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun críoch phointe (c) d'Airteagal 34(1), beidh an phróiseáil teoranta don mhéid seo a leanas:	3. Chun críoch phointe (c) d'Airteagal 34(1), beidh ***próiseáil sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** don mhéid seo a leanas:

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 3 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) an t-aitheantóir úsáideora; lena n-áirítear ainm shealbhóirí na ngaireas stórála áitiúil; agus	(i) an t-aitheantóir úsáideora; ***a thuigtear mar*** ainm shealbhóirí na ngaireas stórála áitiúil; agus

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn III – pointe 3 – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) faisnéis faoin ngaireas stórála áitiúil, lena n-áirítear aitheantóir an ghairis stórála áitiúil.	(ii) faisnéis faoin ngaireas stórála áitiúil, ***a thuigtear mar*** aitheantóir an ghairis stórála áitiúil.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 35(1), beidh an phróiseáil teoranta don mhéid seo a leanas:	1. Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 35(1), beidh ***próiseáil sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** don mhéid seo a leanas:

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, lena n-áirítear uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus	(i) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, ***a thuigtear mar*** uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach; agus

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 1 – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne. Faisnéis atá nasctha le huimhir uathúil cuntais íocaíochta sa euro digiteach, lena n-áirítear méid an idirbhirt.	(ii) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne**,**. faisnéis atá nasctha le huimhir uathúil cuntais íocaíochta sa euro digiteach, ***a thuigtear mar mhéid*** an idirbhirt.

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun críoch phointe (b) d'Airteagal 35(1), beidh an phróiseáil teoranta don mhéid seo a leanas:	2. Chun críoch phointe (b) d'Airteagal 35(1), beidh ***próiseáil sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** don mhéid seo a leanas:

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Chun críoch phointe (c) d'Airteagal 35(1), beidh an phróiseáil teoranta do na sonraí is gá chun anailís ghóchumtha a dhéanamh ar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne: faisnéis faoin ngaireas stórála áitiúil, lena n-áirítear uimhir an ghairis stórála áitiúil.	3. Chun críoch phointe (c) d'Airteagal 35(1), beidh ***próiseáil na sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** do na sonraí is gá chun anailís ghóchumtha a dhéanamh ar idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach as líne: faisnéis faoin ngaireas stórála áitiúil, ***a thuigtear mar*** uimhir an ghairis stórála áitiúil.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun críocha phointí (d) agus (e) d'Airteagal 35(1), agus an phointe rochtana aonair dá dtagraítear in Airteagal 34(8), beidh an phróiseáil teoranta don mhéid seo a leanas:	4. Chun críocha phointí (d) agus (e) d'Airteagal 35(1), agus an phointe rochtana aonair dá dtagraítear in Airteagal 35(8), beidh ***próiseáil na sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** don mhéid seo a leanas:

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn IV – pointe 4 – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, lena n-áirítear uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach, sealúchais an úsáideora sa euro digiteach, an teorainn sealúchais arna roghnú ag an úsáideoir agus cineál an chuntais sa euro digiteach.	(iii) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, ***a thuigtear mar*** uimhir uathúil an chuntais íocaíochta sa euro digiteach, sealúchais an úsáideora sa euro digiteach, an teorainn sealúchais arna roghnú ag an úsáideoir agus cineál an chuntais sa euro digiteach.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 36(1), beidh an phróiseáil teoranta do na sonraí is gá chun calaois a chosc agus a bhrath i ndáil le soláthraithe seirbhísí íocaíochta:	Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 36(1), beidh ***próiseáil na sonraí pearsanta*** teoranta ***go docht*** do na sonraí is gá chun calaois a chosc agus a bhrath i ndáil le soláthraithe seirbhísí íocaíochta:

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, lena n-áirítear aitheantóir	(i) faisnéis faoi chuntais íocaíochta sa euro digiteach, ***a thuigtear mar*** aitheantóir

uathúil an chuntais sa euro digiteach;	uathúil an chuntais sa euro digiteach;

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, lena n-áirítear méid an idirbhirt; agus	(ii) faisnéis faoi idirbhearta íocaíochta sa euro digiteach ar líne, ***a thuigtear mar mhéid*** an idirbhirt; agus

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iii) faisnéis faoi sheisiún idirbhirt úsáideora den euro digiteach, lena n-áirítear raon seoltaí prótacail idirlín an ghléis.	(iii) faisnéis faoi sheisiún idirbhirt úsáideora den euro digiteach, ***a thuigtear mar*** raon seoltaí prótacail idirlín an ghléis.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
FTI Consulting
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Duine ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	An euro digiteach a bhunú
Tagairtí	COM(2023)0369 – C9-0219/2023 – 2023/0212(COD)
Coiste/coistí atá freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 19.10.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 19.10.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Emil Radev 3.7.2025
Dáta an ghlactha	15.7.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 46 –: 17 0: 11
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Giuseppe Antoci, Francisco Assis, Malik Azmani, Nikola Bartůšek, Krzysztof Brejza, Saskia Bricmont, Jaroslav Bžoch, Mélissa Camara, Susanna Ceccardi, Caterina Chinnici, Alessandro Ciriani, Lena Düpont, Marieke Ehlers, Estrella Galán, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Evin Incir, Paolo Inselvini, Irena Joveva, Erik Kaliňák, Marina Kaljurand, Mariusz Kamiński, Assita Kanko, Fabienne Keller, Moritz Körner, Murielle Laurent, Fabrice Leggeri, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Michael McNamara, Ana Catarina Mendes, Verena Mertens, Nadine Morano, Matjaž Nemec, Ana Miguel Pedro, Chloé Ridel, Ilaria Salis, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Petra Steger, Cecilia Strada, Tineke Strik, Georgiana Teodorescu, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Kristian Vigenin, Charlie Weimers, Sophie Wilmès, Ewa Zajączkowska-Hernik, Alessandro Zan, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Konstantinos Arvanitis, Fredis Beleris, David Casa, Geadis Geadi, Monika Hohlmeier, Nikola Minchev, Hannah Neumann, João Oliveira, Leoluca Orlando, Oliver Schenk, Alexander Sell, Sander Smit, António Tânger Corrêa, Pekka Toveri, Roberto Vannacci
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Laurent Castillo, Christian Doleschal, Pietro Fiocchi, Pär Holmgren, Andrey Kovatchev, Andrea Wechsler

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

46	+
PPE	Magdalena Adamowicz, Fredis Beleris, Krzysztof Brejza, David Casa, Caterina Chinnici, Christian Doleschal, Lena Düpont, Monika Hohlmeier, Andrey Kovatchev, Jeroen Lenaers, Verena Mertens, Ana Miguel Pedro, Oliver Schenk, Tomas Tobé, Pekka Toveri, Andrea Wechsler, Javier Zarzalejos
TdE	Jaroslav Bžoch
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Irena Joveva, Fabienne Keller, Moritz Körner, Michael McNamara, Nikola Minchev, Sophie Wilmès
S&D	Francisco Assis, Evin Incir, Marina Kaljurand, Murielle Laurent, Juan Fernando López Aguilar, Ana Catarina Mendes, Matjaž Nemec, Chloé Ridel, Birgit Sippel, Krzysztof Śmiszek, Cecilia Strada, Kristian Vigenin, Alessandro Zan
Na Glasaigh/ALE	Saskia Bricmont, Mélissa Camara, Pär Holmgren, Hannah Neumann, Leoluca Orlando, Tineke Strik

17	-
ECR	Geadis Geadi, Mariusz Kamiński, Assita Kanko, Georgiana Teodorescu, Charlie Weimers
ESN	Alexander Sell, Milan Uhrík, Ewa Zajączkowska-Hernik
NI	Erik Kaliňák
TdE	Susanna Ceccardi, Marieke Ehlers, Fabrice Leggeri, Petra Steger, António Tânger Corrêa, Tom Vandendriessche, Roberto Vannacci
An Chlé	João Oliveira

11	0
ECR	Alessandro Ciriani, Pietro Fiocchi, Paolo Inselvini
PPE	Laurent Castillo, Nadine Morano, Sander Smit
TdE	Nikola Bartůšek
An Chlé	Giuseppe Antoci, Konstantinos Arvanitis, Estrella Galán, Ilaria Salis

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh